



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE  
BAILE ÁTHA CLIATH  
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL  
ÁTHA  
CLIATH

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011-2012

## Comhaltaí an Bhoird

*Tá taifead ar fhreastal ar chruinnithe  
Boird agus ar chostais Bhoird in Aguisín  
I agus II faoi seach*

Ba iad seo a leanas comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2011/12

### Comhaltaí Ex-Officio

An Propast, an Dr Patrick Prendergast (Cathaoirleach)  
An Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Linda Hogan  
Léachtóir Sinsearach, an Dr Patrick Geoghegan  
Cláráitheoir, an tOllamh Shane Allwright  
An Sparánaí, an tOllamh David Lloyd

### Comhaltaí agus Comhollaimh Thofa

An Dr Sean Barrett (2010-2014)  
An tOllamh Robert Gilligan (2010-2014)  
An Dr Nicola Marples (2010-2014)  
An tOllamh John McGilp (2008-2012)  
An tOllamh Eunan O'Halpin (2008-2012)  
An tOllamh Henry Rice (2010-2014)  
An tOllamh David Singleton (2008-2012)

### Foireann Acadúil Thofa nach Comhaltaí iad

An Dr Melanie Bouroche (2010-2014)  
Mary Coffey Uasal (2009-2012)  
An tUasal William Dowling (2008-2012)  
An Dr Hugh Gibbons (2010-2014)  
An tOllamh Des O'Neill (2008-2012)

### Foireann Thofa Neamhacadúil

Noreen Murray Uasal (2010-2014)  
An Dr Kieran J McGinley (2008-2012)  
An tUasal Fred Cowzer (2010-2012)

### Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na nIarchéimithe, Mary O'Connor Uasal (2011-2012)  
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, An tUasal Ryan Bartlett (2011-2012)  
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, Rachel Barry Uasal (2011-2012)  
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, Louisa Miller Uasal (2011-2012)

### Comhaltaí seachtracha

An Dr Olive Carmel Braiden, ainmnithe ag an gComhairle Ealaíon (2010-2014)  
An tUasal Jackie Gallagher, ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (2010-2015)

### I Láthair Ex-Officio

Rúnaí, Anne FitzGerald Uasal  
Cisteoir, An tUasal Ian Mathews

*Tá an doiciméad seo le fáil i bhformáid inrochtana ach é a iarraidh  
(rphost: [communications@tcd.ie](mailto:communications@tcd.ie))*



## Clár na nÁbhar

leathanach

### Réamhrá ón bPropast

	1.	<b>Forbairtí Acadúla</b> Rangú Ollscoileanna Domhanda Cáilíocht	1 3 3 3
	2.	<b>Oideachas</b> Pobal Choláiste na Tríonóide Staitisticí Iontrála Scoláireachtaí An Curaclam - Cúrsaí Nua Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide Gradaim Theagaisc an Phropaist	4 4 4 5 5 5 6 7
	3.	<b>Eispéireas na Mac Léinn</b> Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn Gnóthachtálacha na Mac Léinn	7 7 8
	4.	<b>Gníomhaíochtaí Taighde</b> Téamaí Taighde Maoiniú Taighde Tionscnaimh Nua Thaighde Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim	11 11 11 11 12 13
	5.	<b>Nuálaíocht agus Tráchtálú</b> Maoiniú Taighde Maoin Intleachtúil Fiontraíocht agus Nuálaíocht	17 17 17 17
	6.	<b>Acmhainní Daonna</b> Foireann an Choláiste Earcú Ollúna	18 18 18
	7.	<b>Tionscnaimh Nua sa Choláiste agus Príomhimeachtaí</b>	19
	8.	<b>Clár Forbartha Caipitil</b> Tionscadail Curtha i gCrích Tionscadail Tógála Caomhnú Fuinnimh	22 22 23 23
	9.	<b>Tiomsú Airgid</b>	24
	10.	<b>Staid Airgeadais</b>	25
		<b>Aguisín I Freastal chomhaltaí Boird ar chruinnithe Boird 2011/12</b>	27
		<b>Aguisín II Costais chomhaltaí an Bhoird 2011/12</b>	27
		<b>Aguisín III An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2012</b>	28
		<b>Aguisín IV An Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2012</b>	29

## Réamhrá leis an bPropast



Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach an seasamh atá ag an gColáiste agus leagtar béim ar an méid atá bainte amach againn le linn na bliana acadúla 2011/12, bliain eile a bhí thar a bheith rathúil agus táirgiúil don Choláiste. Lena n-áirítear na príomhspriocanna:

### Mic Léinn

Leanann Coláiste na Tríonóide air ag mealladh mac léinn le hardchumas intleachta as Éirinn agus thar lear. Tháinig ardú 5% ar iarratais phríomhrogha chuig an gColáiste le haghaidh na bliana 2012. Léiríonn an t-ardú seo an cúigiú bliain as a chéile inar tháinig ardú ar iarratais phríomhrogha chuig Coláiste na Tríonóide. As an méid iomlán iarrthóirí a rinne iarratas chuig an CAO, rinne fiche sé faoin gcéad díobh iarratas ar Choláiste na Tríonóide.

Tá an fáil atá ar oideachas Choláiste na Tríonóide do mhic léinn chumasacha mar ghné thábhachtach dár dtacaíocht do thodhchaí na hÉireann. Tá deis ag daoine tairbhe a bhaint as oideachas Choláiste na Tríonóide trí na cláir cheannródaíochta, cosúil le Cláir Rochtana na Tríonóide (TAP) mar shampla, cláir a sholáthraimid do dhaoine a thagann as grúpaí foghlama

neamhthraidisiúnta cosúil leosan le míchumais, do dhaoine atá ag staideanna difriúla ina saol, agus iadsan a thagann as ceantair atá faoi mhíbhuntáiste. In 2011/12, ba mhic léinn neamhthraidisiúnta a líon 19% d'áiteanna iomlána an CAO.

Cuireadh tús le naoi gcúrsa iarchéime nua agus bronnadh céimeanna ar 4,395 mhac léinn le linn na bliana. Lean mic léinn orthu ag baint sult as an 'Eispéreas na Tríonóide', a théann céim níos faide ná cúrsaí curaclaim amháin, a chuireann rogha leathan clubanna agus cumainn ar fáil a ullmhaíonn mic léinn le haghaidh saol ceannaireachta agus rannpháirtíocht phoiblí.

### Taighde & Nuálaíocht

D'éirigh thar barr le baill foirne an choláiste i ngnóthachtálacha taighde agus bronnadh gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu. Le linn na bliana, faomhadh sé chomhlacht seach-chuideachta nua chun maoin intleachtúil a forbraíodh ag Coláiste na Tríonóide a thráchtáil, comhdáíodh 34 iarratais paitinne agus eisíodh 16 cheadúnas tráchtála. €67.1 an luach airgid a bhí leis na dámhachtainí taighde nua a bronnadh.

### Foireann

Ní féidir rath ollscoile, agus seachadadh a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach gan a foireann a chur san áireamh – a príomhacmhainn. Chun stádas an Choláiste a choinneáil agus a fheabhsú, caithfidh Coláiste na Tríonóide daoine d'ardchaighdeán a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil. Tháinig ardú ar ghníomhachtaí earcaíochta i mbliana, in ainneoin na srianta rialúcháin fostaíochta. D'eascair riachtanais earcaíochta as taighde, teagasc agus as tionscnaimh eile a bhí maoinithe ag cistí Stáit agus ag cistí eile seachas Stáitchistí. Earcaíodh foirne le teacht in áit na bpearsanra a bhí ar saoire neamhíochta agus ar saoire speisialta; bunaíodh 13 phost Ussher indíreacha nua a bhí maoinithe go hiomlán ag ioncam tráchtála an Choláiste; agus ag cur i bhfeidhm straitéisí an Choláiste cosúil leis an Straitéis Chaidrimh Dhomhanda agus an ríomhStraitéis. Glacadh le deich gcinn de phróisí earcaíochta agus roghnúcháin sa Choláiste le haghaidh post mar Ollamh.



## Forbairt Chaipitil

Tá ag éirí go maith i gcónaí leis an gclár forbartha caipitil ar an gcampas. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích bhí The Lir, Acadamh na hEalaíne Drámaíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus áitreabh nua Scoil an Leighis atá lonnaithe san Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis na Tríonóide, a osclaíodh an dá cheann acu go hoifigiúil.

## Staid Airgeadais

Cé go leanann leis an gColáiste a bheith an-dhíograiseach agus réamhghníomhach maidir le bainistiú cúrsaí airgeadais, ar nós go leor eile d'ollscoileanna na hÉireann, beidh dúshlán airgeadais le sárú ag an gColáiste amach anseo, tá tuilleadh laghdaithe i ndán ó mhaoiniú an Stáitchiste, tá an drogall atá ar an Rialtas táillí teagaisc fochéimithe a thabhairt isteach arís agus na sriantachta atá i bhfeidhm chun oibriú faoi shrianta na hearnála poiblí nuair atá an Coláiste in iomaíocht le haghaidh na mac léinn agus na foirne is cumasaí ar bhonn idirnáisiúnta.

Tá cinní déanta ag an gColáiste leanúint ar thóir deiseanna chun a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla gan comhghéilleadh go bunúsach ar a chumas chun a mhisean taighde agus teagaisc a chomhlíonadh. Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta a chúrsaí airgeadais a bhainistiú go réamhghníomhach san am atá le theacht, le béim níos leithne ar nithe eile seachas srianta costas agus éifeachtacht amháin. Maidir leis sin, le linn na bliana, tá príomhstraitéisí faofa ag an gColáiste, tá an Straitéis Chaidrimh Dhomhanda mar shampla, a thiomáinfidh agus a thacóidh le hioncam seachas ioncam Stáitchiste a chur ar fáil amach anseo. Tá an Coláiste ag bainistiú cúrsaí airgeadais le tiomantas daingean maidir le dea-bhail na hollscoile, mar atá cúrsaí faoi láthair agus go fadtréimhseach. Faoi láthair gineann an Coláiste os cionn 40% dá ioncam go hiomlán as foinsí eile seachas foinsí Stáit agus de réir ár straitéisí feicimid an chomhréir sin ag ardú go leanúnach.

## Stádas Idirnáisiúnta

Bhí Coláiste na Tríonóide rangaithe sa 65 háit ar domhan agus sa 21 háit san Eoraip sna QS World University Rankings 2011/12, le rangú sa chéad 50 háit i gceithre ábhar agus le rangú sa chéad 100 i 14 háit eile.

## Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann an Choláiste ar fad: foirne acadúla, riaracháin agus tacaíochta, de bharr an pháirt a ghlac siad sa mhéid a bhaineamar amach le linn na bliana 2011/12 - níorbh fhéidir an méid seo a dhéanamh gan a dtiomantas ar feadh na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Taoiseach, an tAire Oideachais agus Scileanna, an tAire Sláinte, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus leis na hAíreí Rialtais go léir a bhfuilimid fíorbhuíoch dá dtacaíocht. Tá an Coláiste go mór faoi chomaoin Bhord agus Fheidhmeannas Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, an tÚdarás um Ard-Oideachas, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Bord Taighde Sláinte, Comhairle Taighde na hÉireann agus leis na go leor eile gníomhaireachtaí agus daoine aonair, poiblí agus príobháideach a thacaigh leis an gColáiste.

**Patrick Prendergast**

**Propast**

**Aibreán 2013.**



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 1. Forbairtí Acadúla

#### 1.1 Rangú Ollscoileanna Domhanda

Agus aitheantas idirnáisiúnta aige mar príomhollscoil na hÉireann, rangáitear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS, Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education agus i Rangú Acadúil Ollscoileanna Domhanda, Shanghai.

I Rangú Ollscoileanna Domhanda QS 2011/2012 rangáitear Coláiste na Tríonóide sa 65ú háit i measc ollscoileanna an domhain agus sa 21ú háit i measc ollscoileanna na hEorpa feadh gach táscaire, agus tá sé rangaithe i measc an phríomh 50 ollscoil i gceithre ábhar agus tá sé rangaithe i measc an phríomh 100 ollscoil in ceathair déag áiteanna eile. Áirithe i measc 50 príomhábhar an Choláiste tá Béarla, Teanga agus Litríocht sa 14ú háit ar fud an domhain; Stair sa 38ú háit; Tíreolaíocht sa 40ú háit; agus Polaitíocht agus Léann Idirnáisiúnta sa 45ú háit go domhanda.

Tá an Choláiste rangaithe ag QS i measc an 100 ollscoil is fearr sa domhan i ngach ceann de cheithre ábhar dhéag eile: Eolaíochtaí Bitheolaíochta; Ceimic; Eolaíochtaí agus Faisnéis Ríomhaireachta; Eacnamaíocht & Eacnaiméadracht; Oideachas; Innealtóireacht Leictreonach; Dlí; Matamaitic; Leigheas; Nua-Theangacha; Fealsúnacht; Fisic agus Réalteolaíocht; Síceolaíocht agus Socheolaíocht.

Is é Coláiste na Tríonóide príomhollscoil na hÉireann i ngach ceann de na hábhair seo bunaithe ar shuirbhé ar os cionn 600 ollscoil in 27 tír ar fud an domhain. Agus os cionn 50,000 freagra ó lucht acadúil agus ó fhostóirí, tá sé ar an suirbhé is mó dá shórt go dáta. Scóráiltear Ollscoileanna de réir a gclú acadúil, clú fostaíochta agus tionchar taighde (deismireachtaí).

#### 1.2 Cáilíocht

Agus aitheantas aige ar fud an domhain mar ollscoil ina bhfuil teagasc agus taighde ar ardchaighdeán, tá oideachas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sainiúil sa mhéid is go bhfuil sé treoraithe ag an taighde agus dírithe ar mhic léinn. Tá an Coláiste

tiomanta do shárcáilíocht a chéimeanna agus a iarchéimeanna agus a thaighde a choinneáil agus is cuid mhór dá neart é tiomantas fhoireann Choláiste na Tríonóide do na mic léinn uile.

Is onóir í bronnadh Comhaltachta a léiríonn cáilíocht eisceachtúil fhoireann acadúil an Choláiste. Is gnóthachtáil taighde nó scoláireachta den scoth an phríomhcháilíocht chun Comhaltacht a bhaint amach, chomh maith le fianaise go bhfuil cion déanta ag an iarrthóir ar mhaithe le saol an Choláiste, arna léiriú go háirithe trí rannpháirtíocht in obair a Roinne nó a D(h)áimhe agus ardchaighdeán teagaisc leis na blianta. Fógraíodh ocht gComhalta dhéag, lena n-áirítear beirt Chomhalta Oinigh: Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn agus an tOllamh Thomas Clive Lee, Ollamh le hAnatamaíocht i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus san Acadamh Ríoga Ibeirneach, ar Luan na Tríonóide 2012.

In 2011/12, d'éascaigh an Oifig Cháilíochta athbhreithnithe cáilíochta ar Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta agus ar Scoil na Fisice, chomh maith le hÁit Stiúrthóir na bhFoirgneamh, Seirbhís Córtais Faisnéise, ar Oifig an Rúnaí agus ar Oifig an Chisteora. Bhí na tuarascálacha a tháinig chun cinn as na hathbhreithnithe seo dearfach den chuid is mó agus thug siad aiseolas cuiditheach do na réimsí a bhí faoi athbhreithniú.

I Márta 2012, déanadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar chuid de phróiseas Athbhreithnithe Institiúideach ar Ollscoileanna na hÉireann (AIOE) agus foilsíodh tuarascáil na nAthbhreithneoirí i Meitheamh 2012.

I rith na bliana, lean Coláiste na Tríonóide ar aghaidh ag idirghníomhú leis na príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta atá páirteach i ndearbhú cáilíochta/feabhsú cáilíochta, tríd a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí de chuid Líonra Ard-Oideachais na hÉireann, Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann mar a bhí air roimhe seo) agus Cumann Ollscoileanna Éireann.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 2. Oideachas

#### 2.1 Pobal Choláiste na Tríonóide

Is pobal scoláirí, le n-áirítear mic léinn, foireann acadúil, agus foireann riaracháin é Coláiste na Tríonóide. Tá éagsúlacht i gcroílár shainiúlacht Choláiste na Tríonóide, agus meallann sé mic léinn agus foireann ó áiteanna ar fud an domhain, agus ó gach cineál cúlra agus taithí socheacnamaíochta.

San iomlán, bhí 16,860 fochéimí agus iarchéimí cláraithe in 2011/12. Díobh seo ba ó oileán na hÉireann thart ar 78%, as tíortha eile de chuid an AE 11.5%, as Meiriceá Thuaidh agus Láir 4.5% agus as áiteanna eile ar fud an domhain 6% (lena n-áirítear mic léinn ó thíortha Eorpacha nach tíortha an AE iad). In 2011/12, ba mhná iad 58% de na mic léinn agus ba fhir iad 42% díobh. Bhí 11,997 (nó 71%) de na mic léinn cláraithe ar chláir fhochéime, agus bhí 4,863 (28.8%), cláraithe ar chláir iarchéime.

Tá gach cineál cúlra socheacnamaíochta agus aoisghrúpa ag na mic léinn. Le roinnt blianta, d'ardaigh an Coláiste líon na n-áiteanna a cuireadh ar fáil do mhic léinn neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear mic léinn atá faoi mhíchumas, agus mic léinn aibí. In 2011, ba mhic léinn neamhthraidisiúnta a líon 19% de líon na n-áiteanna ar fad ón LOI, agus ba mhic léinn aibí iad 41% díobh. Tá tiomantas sa Phlean Straitéiseach (2009-2014) chun céatadán na mac léinn a dhírítear orthu ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, a ardú ó 15% go 22% faoi 2013, agus tá an Coláiste faoi réir chun an sprioc sin a bhaint amach.

#### 2.2 Staitisticí Iontrála



Sealbhóirí Dámhachtana Taispeántóirí Iontrála as Trá Lí, Co. Chiarraí, Marianna Costello, Daragh Kneeshaw agus Miriam O'Connor

In 2011 mheall Coláiste na Tríonóide 7,770 (nó 11.5%) d'iarratais chéadroghanna i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO), ardú 0.5% ar an líon a bhí i gceist le roinnt blianta anuas. As na 67,360 duine a rinne iarratas ar chúrsaí Leibhéal 8 in institiúidí ardoideachais na hÉireann tríd an chóras CAO in 2011, liostáil 18,437 Coláiste na Tríonóide do chúrsa tosaíochta amháin de chuid an CAO nó níos mó.

Tá an Coláiste ag mealladh mic léinn i gcónaí a bhfuil suim acu sa churaclam sainiúil, treoraithe ag an taighde atá ar fáil, agus tagann na mic léinn as gach contae ar oileán na hÉireann, chomh maith le háiteanna timpeall an domhain. In 2011 ghlac Coláiste na Tríonóide le 3,548 mac léinn as Éirinn agus as seasca-seacht tír eile ar fud an domhain.

Bronnadh 'Gradaim Taispeántóirí Iontrála' speisialta ar 420 mac léinn chéad bliana. Fuair na mic léinn a fuair na gradaim seo 560 pointe an duine nó níos mó i scrúdú na hArdteistiméireachta nó ina gcomhionann de scrúdú dara leibhéal de chuid an AE. Ina measc sin in 2011 bhí 369 mac léinn a rinne Teastas na hArdteistiméireachta, 36 mac léinn A-leibhéal, agus mic léinn as 7 dtír eile de chuid an AE (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Lucsamburg, an Iorua, an Rómáin).

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 2.3 Scoláireachtaí



*Na mic léinn Teiripe Shaothair Edith Aka, Isabel Kennedy, Carmel Cooney agus Julie Donohoe i mbun ceiliúrtha agus iad tofa ina Scoláirí*

Is institiúid de chuid an Choláiste í an Scoláireacht Fondúireachta a bhfuil stair fhada agus ardghradam ag baint léi, agus is gné shainiúil í de shaol na mac léinn i gColáiste na Tríonóide. Is é an cuspóir atá ag an scrúduithe don Scoláireacht Fondúireachta ná mic léinn a aithint atá, ag leibhéal measúnaithe atá feiliúnach don Chéad Bhliain Sinsearach, ábalta a léiriú go seasta go bhfuil eolas agus tuiscint eisceachtúil acu ar a gcuid ábhar. Tá scoláireacht i gColáiste na Tríonóide fós ar an ngradam fochéime is mó sa tír a mbaineann gradam leis, agus is gradam é gan amhras ar bith a chuidigh le naisc a mhair i bhfad a chothú idir go leor sárchéimithe agus an Coláiste. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá sármhaitheas a thóraíocht: tá institiúid na Scoláireachta ar cheann de na taispeántais inlámhsithe is mó díobh seo. In 2011/12 bronnadh Scoláireachtaí ar 104 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2012, curriarracht i stair an Choláiste. Bhí na mic léinn a fuair na scoláireachtaí ionadaíoch ar gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (32); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (24); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (36); agus Dámha Éagsúla (12).

### 2.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua

Cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas ag tús na bliana acadúla 2011/12 :

#### Cúrsaí larchéime

- M.Sc. i nGnó agus i mBainistíocht
- Máistreacht sa Leigheas
- M.Sc. in Síctearipe Síocanailíseach (cuireadh dhá chúrsa M.Sc. a bhí ann cheana féin le chéile)
- M.Phil. i Litríocht do Leanai
- M.Phil. i nDaonnachtaí agus i gCultúr Digiteach
- M.Phil. i Stair Phoiblí agus in Oidhreacht Chultúrtha
- Dioplóma larchéime i dTeicneolaíocht Fiaclóireachta Cliniciúil
- Dioplóma larchéime i gCúram Speisialta Fiaclóireachta
- Teastas larchéime i Nuálaíocht agus i bhFiontraíocht

### 2.5 Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir



*Aung San Suu Kyi in éineacht leis an bPropast, An Dr. Patrick Prendergast agus an Leas-Seansailéir, An Dr. Mary Henry*





## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

Bronnadh 4,395 céim in iomlán (2,608 bunchéim agus 1,787 ardchéim) i 33 searmanas bronnta céime ar léith in 2011. Fuair trí chéad agus seasca ceathair mac léinn onóracha den chéad ghrád sna scrúdaithe céime in 2011/12 agus, bronnadh Bonn Óir ar 79 díobh seo.

Bhí bronnadh chéim speisialta oinigh ann an 4 Samhain 2011 chun Ceiliúradh Trí Chéad Bliain Scoil an Leighis Choláiste na Tríonóide a chomóradh. Bronnadh céimeanna oinigh ar Iar-Aire Stáit sa Roinn Sláinte sa Ríocht Aontaithe, Lord Darzi, i measc eolaithe agus dochtúirí leighis atá aitheanta ar fud an domhain, na hOllúna Charles Dinarello, Parveen Kumar, Sir Michael Marmot, Esther M Sternberg agus Harriet Wallberg-Henriksson.

Bhí eolaithe atá aitheanta ar fud an domhain ina measc siúd ar bronnadh dochtúireachtaí oinigh orthu ag searmanas bronnta céimeanna speisialta oinigh i gColáiste na Tríonóide ar 29 Meitheamh 2012 chun Cathair Átha Cliath na hEolaíochta 2012 agus Fóram Oscailte Euroscience a chomóradh. Orthu sin bhí an tOllamh William Campbell, iar-Stiúrthóir ar Sheadeolaíocht in Merck, Eolaí Cliniciúil, an Dr. John Climax agus bunaitheoir ICON cpt, Imdhíoneolaí agus Buaitheoir Dhuais Noble an tOllamh Peter Doherty, Fisiceoir teoiriciúil, matamaiticeoir agus cosmeolaí an tOllamh Sir Roger Penrose agus Kiran Mazumdar-Shaw, bean ghnó as an India agus nuálaí in Bangalore.

Bronnadh céim oinigh, Dochtúireacht i nDlíthe, ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar Aung San Suu Kyi, duine de na daonlathaithe ban is aitheanta ar fud an domhain, i Meitheamh 2012. Cé go raibh sí faoi bhraighdeanas baile ar feadh 15 bliana nó gur scaoileadh saor í in Samhain 2011, ba bhean feachtais dothuirsithe ar son saoirse agus daonlathais in Burma agus ar fud an domhain í Aung San Suu Kyi. Mar dhuine de na príosúnaigh polaitiúla is aitheanta ar domhan, chothaigh sí feachtas i ndaoine ar phríomhacht de rialtas daonlathach.

Bhronn na naoi n-ollscoileanna in Éirinn, Thuaidh agus Theas, Dochtúireacht oinigh i nDlíthe ar Charles F. "Chuck" Feeney, bunaitheoir Dhaonchairdis an Atlantaigh in Meán Fómhair 2012. Bronnadh an chéim chun onóir agus buíochas poiblí a ghlacadh le Chuck Feeney faoin tacaíocht thar na bearta atá tugtha aige d'ollscoileanna na hÉireann le fiche bliain anuas. Bronnadh í freisin lena thaispeáint do phobal na hÉireann cé chomh radacach agus chomh inathraitheach is atá an tacaíocht leanúnach seo. Seo é an chéad uair ar tháinig na hollscoileanna ar oileán na

hÉireann le chéile chun a ngradam is airde a bhronnadh ar aon duine amháin.

### 2.6 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Is réimse tionscnamh iad Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) atá dírithe ar an ráta rannpháirtíochta ag oideachas tríú leibhéal a mhéadú i measc daoine fásta óga agus mic léinn aibí ó ghrúpaí socheacnamaíochta faoi ghannionadaíocht. Bunaíodh na cláir mar chuid de straitéis fhoriomlán chun dul i ngleic leis na rátaí ísle de mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta áirithe a théann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal agus is léiriú iad ar mhisean sóisialta an Choláiste i mbun gnímh.

Tá rath leanúnach ar TAP de thoradh an líonra de chomhpháirtíochtaí táirgiúla le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghligh, mic léinn, foireann Choláiste na Tríonóide, gnóthais, grúpaí pobail agus institiúidí Ardoideachais eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faigheann TAP maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachais tríd an gCiste le haghaidh Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó roinnt deontóirí aonair agus corparáideacha. Tacaíonn na cistí seo leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Naisc Fhor-Rochtana leis an Scoil agus leis an Phobal
- Cúrsaí Réamhullmhúcháin Ollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Aibí, Coláiste na Tríonóide
- Na Cúrsaí Rannpháirtíochta sna Saorealaíona: TCD agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár um Dul Chun Cinn Iar-Iontrála
- Taighde agus Measúnú.

Tugadh 184 iontrálaí isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide in 2011/12, méadú 17% ar an mbliain acadúil roimhe.

Agus nasc á dhéanamh le breis is 40 bunscoil agus meánscoil ar beag an traidisiún atá acu dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, thug TAP, i gcomhar le 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis is 4,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar an gcampas le linn 2011/12, lena n-áirítear Cláir Scoláirí Matamaitice agus Eolaíochta le haghaidh daltaí an 6ú rang agus an Lá Leighis le haghaidh Daltaí na Sraithe Sóisearaí agus Scoileanna Samhraidh.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 2.7 Gradaim Theagaisc an Phropaist



*An Dr. John Rochford, John Kubiak, An tOllamh Orla Sheils, An tOllamh James Wickham, An Dr. Daniel Faas agus An Dr. Paul Delaney agus Dámhachtainí Teagaisc an Phropaist 2012 bainte amach acu*

Is iad Gradaim Theagaisc an Phropaist príomh-mhodh an Choláiste chun aitheantas a thabhairt do chomhaltaí foirne acadúla a rinne obair ar leith ar son barr feabhais a bhaint amach i dteagasc sa Choláiste agus a chuireann an teagasc chun cinn mar ghníomhaíocht scolártha.

Ar na daoine a fuair iad in 2012 bhí: An Dr Daniel Faas, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta a fuair Gradam Luath-Ghairme, an tOllamh James Wickham, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta agus an Dr John Rochford, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, beirt a fuair Gradam Gnóthachtála Saoil, John Kubiak, Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasáí Shóisialta, an tOllamh Orla Sheils, Scoil an Leighis agus an Dr Paul Delaney, Scoil an Bhéarla. Tugadh aitheantas dóibh seo go léir as a ndíograis agus a dtiomantas do theagasc agus d'fhoghlaim d'ardchaitheán.

### 3. Eispéireas na Mac Léinn



Leathnaíonn 'Eispéireas Choláiste na Tríonóide' thar an curaclam amach agus cuimsíonn sé cúlra saibhir de chlubanna agus de chumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn do shaol ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta freisin.

#### 3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Tá an tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta na mac léinn uile i gcroílár gníomhaíochtaí an Choláiste. D'fhonn eispéireas na mac léinn a fheabhsú, cuireann Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn réimse leathan de sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, lena n-áirítear Cóiríocht agus Lónadóireacht, Lárionad Sláinte na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Gairmthreoracha, Naíolann an Choláiste agus an Rannóg Spóirt agus Áineasa. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus mhothúcháinach i mbealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2011/12, d'éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn do mhic léinn ina lán réimsí.

Bhronn an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa Bonn Óir Oscar Wilde ar dheichniúr mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag Searmanas Bronnta na nGradam Fochéime 2011 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath – curiarracht buaiteoirí in aon institiúid tríú leibhéal ó bunaíodh clár na ngradam. Ba bhuaiteoir é duine de na mic léinn seo, David Molloy, sna Catagóirí Idirnáisiúnta nuasheolta. Tá sé d'aidhm ag Gradaim Fochéimithe Éireann agus Thuaisceart Éireann inspioráid agus tacaíocht a thabhairt d'idéanna fochéimithe agus iad a cheiliúradh.

Bronnadh ardghradaim Fulbright ar ochtar mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide, a sheasann don líon is airde gradam d'aon institiúid in Éirinn in Meitheamh 2012. Tugann scoláireachtaí Fulbright deis do mhic léinn Éireannacha agus Meiriceánacha, scoláirí agus daoine gairmiúla chun staidéar, léachtóireacht agus taighde a dhéanamh sna hollscoileanna agus na hinstitiúidí is fearr in Éirinn agus i Meiriceá faoi seach.

Roghnaíodh cúigear mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide as breis is 350 iarratasóir chun páirt a ghlacadh sa Chlár Washington-Éireann (WIP), carthanacht tras-phobail a thug deis do cheannairí óga as Éirinn agus as Tuaisceart Éireann chun cónaí agus oibriú in Washington DC agus iad ag críochnú tionscadail oiliúna ceannaireachta agus sheirbhís phoiblí.

Tugadh aitheantas do bhreis agus 450 mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide ag searmanas bliantúil Rolla Onóra Déan na Mac Léinn in Aibreán 2012, dá rannpháirtíocht i ngníomhaíocht dheonach, sheach-churaclaim laistigh agus lasmuigh den Choláiste. Tá sé d'aidhm ag an Rolla Onóra aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim lasmuigh den seomra ranga a fhaigheann mic léinn trí ghníomhaíocht dheonach sheach-churaclaim.

Bronnadh Gradaim tionscnaimh Teagaisc Dermot McAleese ar chúntóirí teagaisc i Scoil na nEolaíochtaí



*Buaiteoirí Dámhachtainí Teagaisc Dermot McAleese, Justin Leinaweaver, Emma Howard, Lorraine Mancey agus Richard Hamilton in éineacht leis an bPropast, An Dr. Patrick Prendergast (sa lár)*

Sóisialta agus na Fealsúnachta mar aitheantas ar a sár-obair chun sármhaitheas teagaisc a bhaint amach. I measc na mac léinn ó ceithre ranna na Scoile ar bronnadh na gradaim orthu bhí: Emma Howard ó Roinn na hEacnamaíochta, Richard Hamilton ó Roinn na Fealsúnachta, Justin Leinaweaver ó Roinn na hEolaíochta Polaitiúla agus Lorraine Mancey ó Roinn na Socheolaíochta. Ba é seo an chéad uair ar bronnadh gradam i gColáiste na Tríonóide a raibh sé d'aidhm aige aitheantas a thabhairt do chúntóirí teagaisc.

Bronnadh Bonn Taighde Bithleighis Innealtóirí na hÉireann 2012 ar mhac léinn iarchéime Eamon Sheehy as Ionad na Bithinnealtóireachta Choláiste na Tríonóide as an obair shuntasach a rinne sé i réimse taighde na bithinnealtóireachta. Díríonn taighde Eamon ar ghaschealla ó dhuine fásta a úsáid chun nódaithe a bheartú chun cur in áit fíocháin sna hailt ar nós na glúine, a bhfuil damáiste déanta dóibh.

Fuair mac léinn atá i mbun PhD i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, Eileen Diskin, gradam ag an gcomhdháil idirnáisiúnta Falling Walls Lab in Berlin as a cur i láthair faoina taighde ar frithsheasmhacht antaibheathach. Tá taighde Eileen dírithe ar an nasc idir an fiadhúlra agus sláinte an duine, mar go bhféadfadh an frithsheasmhacht chomhthógtha i bhfiadhúlra aistriú chuig an duine.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

Cé go raibh géar-iomaíocht ann, bhuaigh taighdeoirí ó Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta, Lara Dungan agus Lisa Mielke, gradaim ag Comhdháil Idirnáisiúnta Chumann Idirnáisiúnta Cytokine faoi 'Cyokines and Interferons: from Bench to Bedside' in Florence, san Iodáil.

Bhronn an gnólacht sármaith idirnáisiúnta dlí Maples and Calder Gradam do Dhlíodóir Gnó na Bliana ar Raphael Clancy, ó Scoil an Dlí i nDeireadh Fómhair 2011. Tá sé d'aidhm ag an ngradam aitheantas a thabhairt do mhic léinn a bhaineann barr feabhais amach sna scileanna agus na hacmhainní atá riachtanach do dhlíodóirí rathúla gnó.

Bhí na mic léinn iarchéime Annemarie O'Toole, ó Scoil na Ceimice agus Brendan Cannon, ó Scoil an Ghnó, san iomaíocht in aghaidh chúig fhoireann eile as an Bhrasaíl, an Iodáil, Meiriceá, an Danmhairg agus as an tSualainn chun an dara gradam tánaisteach a bhuan san Idea to Product Global Competition (12P).

Bronnadh an phríomhdhuais cainte ar Catherine Murphy ag Craobhchómórtais Díospóireachta Ollscoileanna na hEorpa 2012. Bhí Catherine, atá ag staidéar Fraincise agus Staire, san iomaíocht lena comh-mhac léinn ó TCD Niamh Ní Mhaoileoin atá ag staidéar Litríocht an Bhéarla & Sibhialtacht Chlasaiceach agus áiríodh í ar an tríú cainteoir is fearr ag an gcomórtas. Rinne an fhoireann ionadaíocht ar Chumann Staire an Choláiste sa bhabhta ceannais, agus iad san iomaíocht in aghaidh Oxford, Cambridge agus Durham, agus is beag nár bhain siad amach an phríomhdhuais tar éis breith mhóraithe ó na moltóirí. Rinne na foirne díospóireacht faoin rún: 'This house believes the State should pay reparations to women'.

Bhuaigh an mac léinn Gnó, Eacnamaíochta agus Staidéar Sóisialta, Patrick Lynch an gradam do Mhac Léinn Gnó na Bliana 2012 as a shárobair ar son shocháí an Choláiste, rannpháirtíocht phobail agus gníomhaíochtaí fiontraíochta. Déanann Alumni Gnó Choláiste na Tríonóide (TBA) i gcomhar le Scoil an Ghnó i gColáiste na Tríonóide agus Banc na hÉireann comhordú ar an gcomórtas, atá oscailte do mhic léinn gnó atá sa bhliain dheireanach.

D'oscail an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn Fóram tionscnaimh Eacnamaíochta Choláiste na Tríonóide in Feabhra 2012. Ba mhic léinn dheonacha ar fad a bhí ag reáchtáil an fhóraithe agus cuireadh fáilte roimh 150

mac léinn ó áiteanna ar fud na hÉireann chun díospóireacht agus páirt a ghlacadh i dtodhchaí gheilleagar na hÉireann a mhúnlú. Bhí saineolaithe agus tráchtairí ar eacnamaíocht agus rannpháirtíocht ó na mic léinn sa lucht féachana mar chuid den ócáid a mhair dhá lá.

Bronnadh an chéad áit ar mhac léinn atá i mbun PhD in Acadamh Nuálaíochta agus Bithinnealtóireachta i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla agus Déantúsaíochta, Stephen Sheridan, ag an gcomórtas bliantúil 'Pitch' um Fiontraíocht agus Gnóthas Scoil Samhraidh Amhantair Teicneolaíochta in Ollscoil Twente san Ísiltír. Bhuaigh Stephen an gradam de thoradh ar a chur i láthair faoina shamhail núíosach ghnó inár thug sé achoimre ar an bhfeidhm theicniúil ó thaobh na teicneolaíochta a bhaineann lena thaighde.

Fuair gearrscannán beochana *The Last Train*, a déanadh mar chuid den Mhol Beochana, comhoibriú idir foireann agus mic léinn i Scoil Bheochana na hÉireann (ISA) i gColáiste Breisoideachais Bhaile Formaid (BCFE) agus Grúpa Graifí, Físe agus Léirshamhlaithe Choláiste na Tríonóide (GV2), agus an stiúideo beochana Giant Creative a bhunaigh céimithe BCFE, ainmniúchán do ghradam iomráiteach Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann (IFTA) in Eanáir 2012. Fógraítear ainmniúcháin IFTA i gcatagóirí éagsúla scannán agus teilifíse agus déanann siad ceiliúradh ar an gcaighdeán tallainne is airde in Éirinn thar na dá mhí dhéag roimhe sin.



Natalya Coyle in iomaíocht sa mhír snámha den chomórtas Peantatlan Nua-Aimseartha ag Cluichí Oilimpeacha Londain 2012



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

Bhain mic léinn Choláiste na Tríonóide, Natalya Coyle agus Mark Kenneally, a mbunbhrioglóid spóirt amach nuair a bhí siad san iomaíocht d'Fhoireann na hÉireann ag Cluichí Oilimpeacha Londain 2012. Chríochnaigh an mac léinn Gnó, Eacnamaíochta agus Staidéar Sóisialta, Natalya Coyle, sa naoú háit, beart mórthaibhseach, in Peantatlan Nua-Aimseartha na mBan, rud a chríochnaigh na Cluichí Oilimpeacha ar nóta ard d'fhoireann na hÉireann ar lá deiridh na gcluichí. Bhí an mac léinn PhD, Mark Kenneally, an t-aon iomaitheoir ag Éirinn sa Mharatón, san iomaíocht le breis is 100 reathaí eile, a bhí ag déanamh ionadaíochta ar bhreis is 70 náisiún. Chríochnaigh Mark sa 57ú háit agus thóg sé 2:21:13 ama air.

Bronnadh Scoláireachtaí Spóirt ar 22 mac léinn ag searmanas speisialta in Samhain 2011. Bhronn an Roinn Spóirt agus Lár-chlub Lúthchleasaíochta Ollscoil Átha Cliath (DUCAC) na scoláireachtaí in 14 spórt éagsúla. Tá sé d'aidhm ag an gClár Scoláireachta Spóirt cuidiú le mic léinn a bhfuil tallann acu chun a gcumas agus a ngnóthachtáil spóirt a fhorbairt agus chun tacú leo freisin chun barr feabhais acadúil a thóraíocht.

Bronnadh University Colours ar sheachtar mac léinn spóirt in 2012. Bronntar Bándearg Choláiste na Tríonóide, atá leagtha amach chun teacht le Bánghorm Cambridge agus Gorm Dorcha Oxford, ar bhonn fiúntais aonair spóirt a mheasúnaítear go ginearálta i dtéarmaí scothfheidhmíochta an chlub, roghnúcháin ionadaíochta nó gnóthachtála seachtracha. Bronnadh Bándearg ar Aisling Miller (PhD Micribhitheolaíocht Fiaclóireachta) don Raidhfil; Kirsty Kelly (JS Eolaíocht Nádúrtha-Micribhitheolaíocht) do Bhadmantan; Peter Linney (SS Innealtóireacht Mheicniúil agus Dhéantúsaíochta) do Dhreapadóireacht; Dominic Gallagher (JS TSM Litríocht an Bhéarla & Fealsúnacht) do Pheil (Rugbaí); agus Caoimhe Proud Murphy (MSc in Airgeadas); Rachael Nazarin (Céimí Dlí); Sarah Dolan (SS Innealtóireacht Mheicniúil agus Dhéantúsaíochta); Caitlin Condon (SS Fealsúnacht, Eolaíocht Pholaitiúil, Eacnamaíocht & Socheolaíocht) do Rámhaíocht na mBan.

Ar bhuaicphointí suaitheanta club spóirt na mac léinn in 2011/12 áirítear iad seo a leanas: bhuaigh an Club Bád an club foriomlán is fearr ag Craobhchomórtais na nOllscoileanna ag ar bhuaigh foireann Idirmheánach na mBan 8+ na Craobhchomórtais Náisiúnta; bhuaigh an club Dornálaíochta an comórtas Sóisearach Idir-Ollscoile; bhuaigh an Club Pionsóireachta a gComórtas Idir-Ollscoile den 5ú bliain as a chéile; bhuaigh foireann Peile (rugbaí) DU Roinn 2 de Shraith Bhanc Ulaidh agus tugadh ardú céime dóibh chuig Roinn 1B; bhuaigh an club Peile Gaelaigh Sraith Roinn 2 agus an Cupán Trench agus tugadh ardú céime dóibh chuig Sraith Roinn 1 agus chuig Sigerson; bhuaigh an club Júdó Airgead ag an gcomórtas Idir-Ollscoile agus bhuaigh na fir sa chub Leadóige a gcomórtas Idir-Ollscoile; bhí Ruairi Short agus Rosalind Hussey san iomaíocht ag Craobhchomórtais Dhomhanda na nOllscoileanna sa Rianadóireacht; d'eagraigh an Club Scuaise na chéad FUNDamentals Scuaise le bunscóil áitiúil; tugadh ardú céime do na mná sa chlub Póló Uisce chuig an phríomhroinn; agus bhuaigh na mná sa chlub Eitpheile ag an gcomórtas Idir-Ollscoile.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 4. Gníomhaíochtaí Taighde

#### 4.1 Téamaí Taighde

Cuimsíonn straitéis taighde Choláiste na Tríonóide gach mórdhisciplín agus tá sé tiomanta do ghníomhaíochtaí taighde den scoth i bpríomhréimsí ar fud na n-eolaíochtaí, na hinnealtóireachta, na n-eolaíochtaí sóisialta, an leighis agus na n-ealaíon. Díríonn fócas straitéiseach an Choláiste ar chúig phríomhréimse – Comhtháthú Eorpach agus Idirnáisiúnta, Cultúr & Ealaíona Cruthaitheacha, Ábhair agus Córais Chliste, Bitheolaíochtaí & Taighde Aistritheach agus Iompar, Fuinneamh & an Comhshaol. I ngach ceann de na réimsí seo tá gníomhaíochtaí suntasacha taighde ag Coláiste na Tríonóide, nasctha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus iad tógtha ar bhunchloch an idirdhisciplíneachais chun taighde a bhfuil suntas domhanda ag baint leis a sholáthar.

Bíonn idirchaidreamh ann le Coláiste na Tríonóide ar an iliomad leibhéal éagsúil: tá comhpháirtíochtaí suntasacha taighde ag an gColáiste le tionscail ilnáisiúnta agus dhúchasacha araon; tá clár ar leith 'taighdeoirí cónaitheacha' i bhfeidhm aige chun go mbeadh páirtithe neadaithe i gcroílár na dtionscadal taighde comhoibritheach; leis an Dánlann Eolaíochta, tugtar léargas do Choláiste na Tríonóide ar shaol an taighde sa chiall is leithne, ag cothú fiosracha, ag spreagadh díospóireachta agus ag mealladh intinní taighdeoirí na todhchaí; trína pholasaí Cruthaitheachta sa Phobal – ag na leibhéil áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda – tá Coláiste na Tríonóide tiomanta taighde d'ardchaigheán a sholáthar chun sochair na sochaí.

#### 4.2 Maoiniú Taighde

Le dhá mhí dhéag anuas, tháinig laghdú de thart ar €2 mhilliún (3%) ar ioncam taighde go €65.2 milliún ó leibhéal 2010/11. Bhí luach €67.1 milliún ar na conarthaí nua a síníodh i mbliana. Cé gur ísliú de c. 40% é i gcomparáid le luach na bliana roimhe (c. €109m), nuair a cheadaítear d'íocaíochtaí aon-uaire in 2010/11, tá an fíorlaghdú nó an laghdú ceart níos gaire de 8%.

Tá an meán-ranníocaíocht i leith chostais indíreacha ó ghníomhaíochtaí taighde de 18% fós faoi bhun an chostais iomláin eacnamaíochta atá ar an taighde a reáchtáil agus mar thoradh air seo bíonn gá an croíbhuiséad a úsáid chun fóirdheonú a dhéanamh ar an

ngníomhaíocht taighde. Níl an staid sin inbhuanaithe. Bhí 1,589 cuntas gníomhach taighde ann agus thacaigh gníomhaíocht taighde le 1,325 duine sa bhliain 2011/12

#### Foinse an Mhaoinithe do Thaighde / Maoiniú

Bliain dar críoch  
30 M. Fómh 2012

Fondúireacht Eolaíochta Éireann	42%
Fiontar Éireann	5%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	7%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	16%
Eile	30%

#### 4.3 Tionscnaimh nua Thaighde Choláiste na Tríonóide

Tá Coláiste na Tríonóide ar thus cadhnaíochta i roinnt mórstaidéar náisiúnta fadama, lena n-áirítear taighde faoi leanáí agus aosú, agus gníomhaíochtaí sa naineolaíocht agus taighde cumarsáide a dtugann ionaid feabhais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an gcampas tacaíocht dóibh. Tá bonn láidir faoi mhór-institiúidí taighde agus mór-ionaid Choláiste na Tríonóide i réimsí mar néareolaíocht, domhandú, imdhíoneolaíocht, leigheas móilíneach agus Mol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide do na healaíona agus daonnachtaí, agus iad i measc ceannairí idirnáisiúnta ina réimsí siúd. Tá páirt ghníomhach ag Coláiste na Tríonóide i bhfontair chomhoibritheacha shuntasacha náisiúnta mar an tlonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) agus an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT).

I dteannta tionscnamh taighde idirdhisciplíneacha leanúnach Choláiste na Tríonóide sna réimsí sin, seo a leanas roinnt de na tionscadail nua a seoladh le linn 2011/12.

#### Seolann Uachtarán na hÉireann an tlonad um Staidéar Fadaimseartha in Éirinn

Sheol Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, an tlonad um Staidéar Fadaimseartha in Éirinn, comhthionscnamh idir an ESRI agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in Aibreán 2012. Bunaíodh an tlonad chun measúnú bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn i réimse áiteanna a bhaineann le beartais phoiblí na hÉireann ag baint leasa as sonraí fadaimseartha i dtaca le heolaíocht shóisialta le súil agus go



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

bhfaighfear freagraí agus réiteach níos fearr ar cheisteanna tábhachtacha sóisialta agus geilleagracha agus chun cuidiú le taighdeoirí Éireannacha na scileanna coincheapúla agus modheolaíocha a theastaíonn a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar na sonraí tábhachtacha seo.

### Infheistíonn an Rialtas €6m in Ionad um Foghlaim Nuálaíochta

Rinne an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D., agus an tAire Stáit atá freagrach as Taighde agus Nuálaíocht, Seán Sherlock T.D. comhfhógra go raibh infheistíocht de €6 milliún thar sé bliana le déanamh san Ionad um Foghlaim Nuálaíochta a rachadh chun leasa gnólachtaí in earnálacha na teicneolaíochta agus an oideachais araon in Éirinn. Faoi óstaíocht Choláiste na Tríonóide, beidh an tIonad Teicneolaíochta á mhaoiniú ag an Rialtas trí Fhiontar Éireann a fheidhmíonn Clár na nIonad Teicneolaíochta i gcomhpháirtíocht le IDA Éireann.

### An tIonad um Chleachtas agus Nuálaíocht Cúram Sláinte

I mBealtaine 2010, seoladh an tIonad um Chleachtas agus Nuálaíocht Cúram Sláinte a thugann le chéile foireann do chleachtas cliniúil in altranas agus i gcnáimhseachas, ailínithe le láidreachtaí acadúla i gcomhpháirtíocht ag a bhfuil sé d'aidhm samhlacha feabhsaithe a chur ar fáil i dtaca le soláthar agus cleachtas seirbhíse a chur ar fáil ar mhaithe le leasa gach othar, úsáideoir seirbhíse agus an sochaí. Mar chuid den tionscnamh, tá sé d'aidhm aige freisin gréasán náisiúnta d'Aonaid Chleachtas Nuálaíochta a fhorbairt a bheidh ag comhoibriú lena chéile ag roinnt acmhainní agus ag forbairt taighde in altranas, i gcnáimhseachas agus i gcúram sláinte.

### Grúpa Nua Taighde um Oideachas Ealaíona

Sheol an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an Grúpa Nua Taighde um Oideachas Ealaíona, atá bunaithe i Scoil an Oideachais in Meitheamh 2012. Cuireann an Grúpa pointe fócasach tábhachtach ar fáil chun taighde a dhéanamh i réimse na hEalaíona in Oideachas sa mhórshochaí, ag tabhairt comhoibrithe le chéile a oibríonn i réimsí lena n-áirítear, drámaíocht agus amharclannaíocht, ceol, damhsa, na hamharcealaíona, agus filíocht agus a thacaíonn le deiseanna luachmhara líonraithe idir eagraíochtaí éagsúla agus institiúidí a bhfuil baint acu le hoideachas sna healaíona.

## 4.4 Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile

I measc na nasc taighde le hinstiúidí eile a bunaíodh i rith na bliana acadúla 2011/12 bhí siad seo a leanas:

### Comhoibríonn Coláiste na Tríonóide ar Chomhaontas Nua chun Dul Chun Cinn Mór i gCúram Sláinte a Sholáthar

Sheol cheithre institiúid den scoth as an Bhreatain Bheag agus as Éirinn comhaontas nua chun an bealach chun tosaigh a dhéanamh i bhforbairt cúram sláinte ceannródaíoch in Márta 2012. Faigheann an Comhaontas Ceilteach um NanaShláinte (CAN) €1 milliún maoiniú thrí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoin gclár Tras Teorainn Éirinn-An Bhreatain Bheag agus cuirfidh sé acmhainní le chéile ón bpáirtí ceannais, Ionad Ollscoil Swansea do NanaShláinte, agus ó thrí institiúid in Éirinn – Institiúid do Leigheas Móilíneach agus an tIonad um NainStruchtúir agus NainFhearis Oiriúnaitheacha (CRANN) Choláiste na Tríonóide, Ionad Idirghníomhaíochta NainBhith UCD, agus Institiúid Diagnóisice Bithleigheis agus Ionad NainBhithfhótónaice agus Íomháithe DCU. Tugann gach ionad réimsí sonracha saineolais faoi nanashláinte chuig an gcomhaontas.

### Comhoibríonn Leabharlann Digiteach Max Planck le Coláiste na Tríonóide Thionscadal Taighde faoi Dhaonnachtaí Digiteacha

Bunaíodh comhoibriú nua acadúil idir an tionscadal CENDARI, arna comhordú trí Mhol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide, agus an Leabharlann Digiteach Max Planck in Munich, in Meitheamh 2012. Tá CENDARI ar an Seachtú tionscadal i nDaonnachtaí Digiteacha atá maoinithe ag Creatlach Cláraithe de chuid an AE a bhfuil sé d'aidhm aige rochtain chuig cartlanna agus acmhainní san Eoraip a éascú chun staidéar a dhéanamh ar stair mheánaoiseach agus nua-aimseartha trí 'thimpeallacht fiosrúcháin' digiteach a chruthú.

### Cuibhreannas faoi stiúir TCD um Thaighde Cothaithe agus HIV in Uganda

Bronnadh beagán sa bhreis ar €1 milliún ar chuibhreannas taighde faoi stiúir Choláiste na Tríonóide do thionscadal, NOURISH, chun cothú agus torthaí cóireála HIV a fhiosrú trí chuibhreannas taighde Uganda-Éireann a fhorbairt. Tá sé d'aidhm aige tuiscint a fháil ar fhachtóirí a théann i gcion ar

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

inbhuanaitheacht i leith freagraí cóireála do HIV. Déanadh an bronnadh ar an tionscadal a bhí faoi stiúir Choláiste na Tríonóide faoin gClár um Chomhoibriú Straitéiseach idir Cúnamh Éireann agus Institiúidí Ard-Oideachais agus Taighde, Babhta 3.

Cruthóidh NOURISH cnuastaighde HIV/Cothú de lucht acadúil, cliniceoirí agus rannpháirtithe beartas as Éirinn agus as Uganda. Beidh an cnuasach faoi stiúir Choláiste na Tríonóide i gcomhar leis na príomhpháirtithe Ollscoil Makerere, Uganda agus an Institiúid Galair Aicéideacha in MU, Ollscoil Gulu agus an Comhionad Taighde Cliniciúil, agus na páirtithe tacaíochta Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath agus King's College London.

### Comhoibriú idir Ionad Stanford um Thaighde Dearaidh agus Scoil na hInnealtóireachta

Thosaigh an tIonad um Thaighde Dearaidh in Ollscoil Stanford agus Scoil na hInnealtóireachta i gColáiste na Tríonóide obair ar nasc idir an dá ollscoil ar theagasc bunaithe ar thaighde faoi dhearadh cruthaitheach in Deireadh Fómhair 2011. Beidh Innealtóireacht Choláiste na Tríonóide ina chomhpháirtí domhanda sa gcúrsa máistreachta atá urraithe ag an tionscal 'Dearadh, Nuálaíocht, agus Forbairt Innealtóireachta um Thionscadal-Bhunaithe Domhanda' in Ollscoil Stanford in 2013 chomh maith le príomhollscoileanna eile ar fud an domhain.

### Tionscadal ICT chun cuidí le Daoine Níos Síne agus iad siúd a bhfuil Neamhoird Néareolaíoch acu

Thosaigh an tionscadal idirnáisiúnta, dar teideal 'VERVE', arna chomhordú ag Coláiste na Tríonóide lena n-áirítear comhpháirtithe comhoibríoch a i gcúram sláinte agus i measc lucht acadúil san Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil, an Spáinn agus an Ghearmáin in Deireadh Fómhair 2011. Agus é d'aidhm aige feabhas a chur ar chaighdeán saoil ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear daoine atá níos síne agus iad siúd a bhfuil neamhoird néareolaíoch acu, bhronn an Seachtú Creatchlár de chuid Choimisiún na hEorpa €4.8 milliún ar an tionscadal.

Bainfidh cuibhreas an VERVE úsáid as taighde den scoth chun timpeallachtaí réaltacht fhíorúla (VR) pearsantaithe agus pobalaithe, grafaicí gréasáin 3D, agus cluichí 'tromchúiseacha' a ionsamhlú mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin atá ag na spriocghrúpaí.

**Naisc a Cothaíodh le Príomhollscoileanna na Síne**  
In Aibreán 2012 shínigh Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Beihang, ceann de phríomhollscoileanna na Síne, comhpháirtíocht straitéiseach. Faoin gcomhaontú beidh dlúthobair ar bun idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Beihang i réimsí lena n-áirítear naintheicneolaíocht, ceimic agus fisic, agus éascófar taighdeoirí agus mic léinn a bhabhtáil idir an dá institiúid.

### 4.5 Rathúlacht Scoláireachtaí agus Gradaim

Lean comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide orthu ag baint amach barr feabhais ina ngnóthachtálacha taighde agus bhain siad amach gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar na gradaim a bhain taighdeoirí Choláiste na Tríonóide amach áirítear iad seo a leanas:

Chláraigh Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) triúr ball d'acadóirí Choláiste na Tríonóide ina gcomhaltaí nua in 2012: An tOllamh John Pethica, Príomhthaighdeoir agus bunaitheoir stiúrtha CRANN agus Ollamh Taighde SFI i Scoil na Fisice, an tOllamh Richard Reilly, Ollamh le Néar-innealtóireacht agus Stiúrthóir ar Ionad Bithinnealtóireachta Choláiste na Tríonóide agus an Dr Daniel McCarthy, Comhalta Emeritus agus iar-Leachtóir Sinsearach i Roinn na Ríomhaireachta. Tá toghadh aon duine ar an RIA ar an onóir acadúil is airde in Éirinn agus is aitheantas poiblí é as a bhfuil bainte amach go hacadúil.



An tOllamh Richard Reilly agus An Dr. Daniel McCarthy, beirt den triúr comhalta nua de RIA Choláiste na Tríonóide in éineacht leis an Ollamh Luke Drury, Uachtarán an RIA (sa lár)



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

Bhronn an Seachtú Creat-chlár de chuid Choimisiún na hEorpa €6.5 milliún ar thionscadal idirnáisiúnta arna éascú taighde cartlainne den scoth faoi stair mheánaoiseach agus nua-aimseartha na hEorpa in Meitheamh 2012. Tá an tionscadal, CENDARI (Collaborative EuropeAN Digital ARchive Infrastructure), á chomhordú ag Coláiste na Tríonóide agus tá comhpháirtithe áirithe ann i gcartlanna, i leabharlanna agus in ollscoileanna sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, i bPoblacht na Seice, sa tSeirbia agus san Ísiltír. Cuirfidh an tionscadal cheithre-bliana ardán taighde ar leith ar fáil chun sonraí stairiúla thar theorainneacha náisiúnta agus institiúideach a rochtain agus a fhiosrú.

Bronnadh maoiniú thrí Phríomhchlár Fiosraithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar sheacht bpríomhthionscadal taighde eolaíochta Choláiste na Tríonóide in Meitheamh 2012. Bhí na tionscadail rathúla taighde faoi stiúir an Ollaimh Jonathan Coleman, Scoil na Fisice agus CRANN; an Dr Hongzhou Zhang, Scoil na Fisice agus CRANN; an tOllamh Andrew Bowie, Scoil na Bithcheimice agus na hIldhíoneolaíochta; na hOllúna Pete Humphries agus Jane Farrar, An Scoil Géineolaíochta; an tOllamh Marina Lynch, Scoil an Leighis agus TCIN; an tOllamh Kingston Mills, Scoil na Bithcheimice agus na hIldhíoneolaíochta; agus an Dr James O'Donnell, Scoil an Leighis. D'éirigh le Coláiste na Tríonóide seacht as na 30 gradam a aimsiú.

Bronnadh ceann de na ceithre Chomhaltachtaí d'ardcháil L'Oréal-UNESCO an Ríocht Aontaithe & Éirinn do Mhná san Eolaíocht 2012 ar an Dr Silvia Giordani, léachtóir taighde sa Cheimic, dá taighde ar bhealach nua i dtreo leigheasanna 'cliste' in Iúil 2012.

Cuireann na comhaltachtaí chun cinn an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil rannpháirtíocht níos mó ag mná san eolaíocht thrí ghradam a thairiscint do sárthaighdeoirí ban iardhochtúireachta. Reáchtáiltear na gradaim i gcomhpháirt le Coimisiún Náisiúnta na Ríochta Aontaithe do UNESCO, Coimisiún Náisiúnta na hÉireann do UNESCO agus an Royal Society. Bronnadh deontas ón Institiúid Náisiúnta Sláinte (NIH) ar an Ollamh le hIldhíoneolaíocht, an tOllamh Andrew Bowie, Scoil na Bithcheimice agus na



*An Dr. Silvia Giordani ar ar bronnadh an Chomhaltacht Eolaíochta L'Oréal-UNESCO na Ríochta Aontaithe & na hÉireann do Mhná 2012*

hIldhíoneolaíochta agus ar a chomhtháighdeoir an Dr Katherine Fitzgerald chun tacú lena dtaighde ar 'Braitheoirí DNA agus cosáin ghaolmhara chomharthaíochta san fhreagra imdhíonach inbheirthe' in Márta 2012. Áiríodh an tionscadal taighde, a gheobhaidh \$1.25 milliún in iomlán thar chúig bliana, san 1% de na deontais is airde a cuireadh chuig an Institiúid Náisiúnta Ailléirgí agus Galair Aicídeacha (NIAID) agus bhí sé bunaithe ar obair a ndearna Fondúireacht Eolaíochta Éireann maoiniú air roimhe seo.

Bronnadh deontas €2.5 milliún ar an Ollamh le Géineolaíocht Dhaonra, Dan Bradley ón Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta chun cur ar a chumas leanúint dá taighde faoi DNA ársa ainmhithe clóis ó shamplaí seandálaíochta. Bronnadh an tArd-dheontas d'ardcháil de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) air ar feadh tréimhse chúig bhliana. Bronnadh Deontais Thosaithe d'ardcháil de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) an duine ar an Dr Carola Schulzke, Scoil na Ceimice agus ar an Dr Clionadh Raleigh, Roinn na Tíreolaíochta i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha. Bronnadh deontas €1.4 milliún ar an Dr Raleigh chun deis a thabhairt di leanúint lena taighde faoi na cúiseanna a bhíonn le cineálacha éagsúla foréigean polaitiúil laistigh agus ar fud stáit na hAfraice. D'éirigh leis an Dr Schulzke a bhí san iomaíocht le 4,080 iarratasóir eile deontas de luach suas le €2 mhilliún a aimsiú. Díríonn a taighde ar dhá

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

ghalar pédiatraiceach atá neamhchoitianta ach atá marfach, Uireasa-Moco (MocoD) agus uireasa-ocsaíodáise-suilfíte daonna ar leithlis (hiSOD), ar é teip leibhéil éagsúla d'fhorbairt nádúrtha ghrúpa áirithe einsímí is cúis leo.


Bhronn an Seachtú Creat-chlár de chuid Choimisiún na hEorpa €2.35 milliún ar thaighde a déanadh i Scoil na hInnealtóireachta i dtionscadal comhoibríoch ar ar tugadh EcoNav a dhéanfaidh forbairt ar uirlis faisnéise astúcháin fíor-ama agus iompair. Tá an taighde faoi stiúir an Dr Brian Caulfield ó Choláiste na Tríonóide agus déanfaidh foireann thaighde na hollscoile forbairt ar thrialacha allamuigh in Baile Átha Cliath, i Vín agus san Ísiltír.

Bronnadh €3 mhilliún faoin gclár EU FP7 ar thionscadal idirnáisiúnta taighde lena n-áirítear eolaithe Choláiste na Tríonóide chun comhoibriú leis an Bhrasaíl sa troid in aghaidh neamhoird athlastacha. Beidh eolaithe ó naoi n-institiúid taighde agus ollscoileanna san Eoraip, agus trí cinn sa Bhrasaíl, ag comhoibriú san chlár nua seo 'Spriocmheicníochtaí núíosacha chun fuascailt a fháil ar athlasadh (TIMER)'. Déanfaidh an tOllamh le Bithcheimic, Luke O'Neill ó Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta staidéar ar na héifeachtaí ó ghníomhaithe frith-athlastacha atá planda-dhíorthaithe a bhailítear i bhforaoisí báistí san Amazon ar phróisis imdhíonach inbheirthe atá tábhachtach do ghalair ar nós diaibéiteas Chineál 2 agus airtríteas réamatóideach.

Bronnadh Gradam Forbes Norris 2011 ar an Ollamh Orla Hardiman, Ollamh Cliniciúil le Néareolaíocht TCD, Eolaí Cliniciúil HRB agus Néareolaí Comhairleach in Ospidéal Beaumont. Tugann an gradam aitheantas do dhaoine a thaispeánann sárchúram agus atrua i dtaca le staidéar agus bainistiú a dhéanamh ar Ghalar Néarón Luadrach.

Ba í an Dr Eleanor Denny, Ollamh Cúnta le hEacnamaíocht an faighteoir tionscnaimh ar an nGradam Eorpach as Sártheagasc na nEolaíochtaí Sóisialta agus na nDaonnachtaí, arna bronnadh ag Lár-Ollscoil na hEorpa. Tá an onóir seo ar an gcéad agus ar an t-aon ghradam uile-Eorpach do sártheagasc.

Ainmníodh an léachtóir in Altranais Pédiatraiceach, an Dr Honor Nicholl ó Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais mar 'Oideoir idirnáisiúnta na Bliana'



*Taighdeoir na bliana de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, An tOllamh Jonathan Coleman*


mar aitheantas ar a cuid oibre in oideachas cúram maolaitheach leanaí. Déanann an gradam, arna eagrú ag an Iris Idirnáisiúnta ar Altranais Maolaitheach (IJPN) agus Tacaíocht Ailse Macmillan Cancer Support, ceiliúradh ar ghnóthachtáil agus ar shármhaitheas i ngach gné de chúram maolaitheach go hidirnáisiúnta.

Bronnadh Gradam Curaidh Stróc Fhondúireacht Croí na hÉireann Boehringer Ingelheim ar an Ollamh le Leigheas Geiriatrach, Des O'Neill mar aitheantas ar a chuid oibre mar cheannródaí le daichead bliain anuas chun seirbhísí níos fearr do dhaoine in Éirinn a fuair stróc a spreagadh.

Fógraíodh gurb é an tOllamh Jonathan Coleman, taighdeoir arna maoiniú ag SFI ó CRANN agus Scoil na Fíisce, a bhain amach cáil idirnáisiúnta i réimsí nainstruchtúir, 'Taighdeoir na Bliana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann' in Samhain 2011.

Bronnadh príomhghradam idirnáisiúnta ar an Ollamh John Boland, Stiúrthóir ar CRANN agus Ollamh le Ceimic, as a chóimheas in allamuigh i dtaca le naineolaíocht agus naintheicneolaíocht. Ainmníodh an tOllamh Boland mar Laureate ar Dhuais Naineolaíochta ACSIN 2011 as a shárobair chun toíreadóir scanta micreascópacht agus speictreascópacht a fhorbairt agus a fheidhmiú agus as úsáid a bhaint as na huirlisí seo chun ár dtuiscint ar fheiniméan ábhar ceimiceach agus fisiceach a chur chun cinn.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



'The Hive', Íomhá Taighde na Bliana de chuid SFI

Bhronn an Bord Taighde Leighis maoiniú €300,000 ar an dara cuid den Mhíchumas um Forlónadh Intleachtúil den Staidéar Fadaimseartha ar Aosú in Éirinn (IDS-TILDA) agus maoiniú athnuaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá an staidéar ar an gcéad cheann dá leithéid san Eoraip agus tá sé cuimsitheach uathúil freisin, óna thús go dtí go scaiptear é.

D'ainmnigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann 'The Hive', íomhá a tógadh in institiúid naineolaíochta Choláiste na Tríonóide, CRANN, de dhromchla póiriúil d'aigéad gliocólach-co-polacsach polaiméara (PLGA) mar íomhá Taighde na Bliana 2011. Is é an Dr David McGovern a thóg an íomhá bhuacach faoi stiúir an Ollaimh John Boland, Príomhthaidheoir Scoil na Ceimice Choláiste na Tríonóide.

Bhuaigh an Dr Gerard Lacey, Comhbhunaitheoir, Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Teicniúil Glanta Teo., mac-chuideachta de chuid Choláiste na Tríonóide, Gradam Tráchtálaíochta ICT Fhiontar Éireann 2011 ag an Sárthaispeántas Mórsmainte Teicneolaíochta.

Fuair aireagóirí de theicneolaíocht nua, tíosach ar fhuinneamh, scagachán aeir Gradam Tráchtálaíochta Fhiontar Éireann. Bronnadh an gradam ar na faighteoirí, an Dr Aonghus McNabola, an Dr Laurence Gill, an Dr Niall O'Luanaigh ó Scoil na hInnealtóireachta faoin teicneolaíocht núíosach seo a thabhairt ag an margadh go rathúil. Rinne siad é seo thrí chuideachta nua dar teideal AERIAQ Filtration Ltd a bhunú a bhfuil an teicneolaíocht ceadúnaithe aige.

Bhuaigh cuideachta Champas Choláiste na Tríonóide Xcelerit an Gradam um Chomhpháirtíocht d'Ardríomhaireacht san Eoraip (PRACE) don 'Fheidhmchlár Ríomhaireachta Ardfheidhmiúcháin is Nuálaí san Eoraip' in Bealtaine 2012. Déanann an mac-chuideachta nua bogearraí ón ionad taighde teileachumarsáide CTVR arna mhaoiniú ag SFI agus atá bunaithe i gColáiste na Tríonóide, sainfeidhmiú ar uirlisí luasghéaraithe tras-ardáin do sheirbhísí airgeadais, innealtóireacht agus taighde eolaíochta.

Bronnadh gradam Lipéad um Theanga Eorpach ar Authentik Language Interactive, cuideachta ar champas Choláiste na Tríonóide mar aitheantas ar an gcur chuige cruthaitheach agus nuálach i leith na foghlama a thairgeann sé d'fhoghlaiméoirí teangacha Eorpacha. Tugann an gradam aitheantas do na cuideachtaí siúd a bhfuil bealaí cruthaitheacha aimsithe acu chun cáilíocht teagasc agus foghlaim teanga a fheabhsú agus bronntar iad ar bhunús sármhaitheasa, cruthaitheachta agus cumas an tionscadail bheith ina shamhail do chuideachtaí eile.

Bhí Seanleabharlann Choláiste na Tríonóide ar cheann de thrí institiúid a fuair creidiúnú iomlán faoi Chlár Caighdeán na Músaem 2012 agus atá áirithe i measc roghghrúpa nach bhfuil ann ach 15 músaem a bhfuil creidiúnú iomlán faighte acu go dáta. Ba é an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan T.D., a bhronn an gradam.



Anne-Marie Diffley, Bainisteoir Seirbhísí Cuairteoirí, An tSeanleabharlann, Darina Kneafsey, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tAire Jimmy Deenihan, Jessie Kurtz, Leas-Leabharlannai agus Susie Bioletti, Coimeádaí, Caomhnú, An tSeanleabharlann

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 5. Nuálaíocht agus Tráchtálú

Déanann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TR&I) idirphlé idir an ollscoil, gníomhaireachtaí maoinithe agus tionscal, a bhainistiú agus a chur chun cinn trí cheithre rannóg: Forbairt taighde, Conarthaí, Aistriú Teicneolaíochta agus Fiontraíocht.

De réir an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Phlean Straitéiseach an Choláiste, féachann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide le fónamh a bhaint as smaointe nua a ionchorpraíonn teicneolaíochtaí nua. Tugann TR&I tacaíocht ar feadh an chuibhreannais taighde, ó chur isteach iarratais ar mhaoiniú, go hidirbheartaíocht chonarthaí, bainistiú a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil, aistriú teicneolaíochta, saothrú tráchtálach agus oiliúint fiontraíochta. Cothaíonn TR&I idirchaidreamh le tionscal, lena n-áirítear comhoibrithe taighde a bhunú agus ceadúnú maoin intleachtúil Choláiste na Tríonóide. Ina theannta sin, tacaíonn sé le bunú cuideachtaí campais Choláiste na Tríonóide agus ceadáíonn iad.

#### 5.1 Maoiniú Taighde

I rith na bliana acadúla 2011/12, thacaigh an Oifig Forbartha Taighde le 1,200 iarratas ar thaighde maoinithe. San tréimhse chéanna, shínigh an Oifig Chonarthaí 546 conradh nua taighde ar luach iomlán €81,990,753, agus bhronn Coláiste na Tríonóide 159 conradh (luach €35,034,285) d'aonáin sheachtracha.

#### 5.2 Maoin Intleachtúil

Fuair an Oifig d'Aistriú Teicneolaíochta 49 nochtadh maoin intleachtúla arna gcruthú ag taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, rinne 34 iarratas nua paitinn a chomhdú, dheonaigh 16 ceadúnas tráchtálaithe agus cheadaigh sé Chuideachta nua Campais de chuid Choláiste na Tríonóide.

### 5.3 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Chuir an Rannóg Fiontraíochta Clár struchtúrtha Fiontraíochta ar fáil do mhic léinn iarchéime agus do thaighdeoirí ó 14 Scoil éagsúil, agus chuir tacaíocht, comhairle agus meantóireacht ar fáil do 50 mac léinn agus céimí de chuid Choláiste na Tríonóide a raibh tionscadail nua cuideachta nuálaíochta acu.





## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 6. Acmhainní Daonna

Tacaíonn feidhm Acmhainní Daonna Choláiste na Tríonóide leis an gColáiste a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach trí earcú, coinneáil agus forbairt daoine den chéad scoth. Chun seachadadh éifeachtach na seirbhísí a chinntiú, tá Acmhainní Daonna eagraithe i gceithre phríomhréimse – eadhon Earcaíocht, Pleanáil Foirne agus Párolla, Caidrimh Foirne agus Forbairt Foirne.

#### 6.1 Foireann an Choláiste

Bhí gníomhartha san Rannóg Earcaíochta agus Conarthaí níos airde ná blianta roimhe, agus d'ardaigh líon na bpost a fógraíodh, cé go raibh srianta rialaithe fostaíochta i bhfeidhm. Éiríonn ceangaltais earcaíochta as cistí taighde agus as cistí nach de chuid an Stáitchiste iad; aislíonadh ar phearsanra bunaithe a thógann saoire neamhíochta agus saoire speisialta; 13 post ón dara babhta den chlár Ussher 'new blood' agus feidhmiú straitéisí de chuid an Choláiste cosúil leis an Straitéis Caidrimh Dhomhanda, agus an eStraitéis – GeneSIS agus poist FIS, agus aslíonadh iarmhartach. Chomh maith leis sin tá méadú tagtha ar ghníomhartha earcaíochta ó thaobh poist athsholáthair mar go bhfágann srianta rialaithe fostaíochta go bhfuil ardú ar líon na bpost atá á dtairiscint ar bhonn téarma sheasta.

Ba chóir tabhairt faoi deara gur tharla na gníomhartha ginearálta earcaíochta seo in aghaidh cúlra de (a) gach formheas á gcíoradh i gcomhthéacs na bhforálacha ginearálta den Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) i dtaobh poist atá riachtanach, agus (b) gur bhain an Coláiste amach na laghduithe a theastaigh ón ECF i gcróí-leibhéil foirne a bhí á maoiniú ón stáitchiste, mar a tuairiscíodh don HEA ar bhonn ráithiúil.

Mar thoradh ar éascú ar na srianta i dtaca le hardú céime san ECF 2011, mhol an Coláiste gníomhartha i dtaca le hardú céime, agus chuaigh gach Coiste i dtaca le hArdú Céime agus Athbhreithnithe ar ais i mbun gníomhartha ar aon dul leis an gcreat atá ceadaithe.

#### 6.2 Earcú Ollúna

Le linn na bliana acadúla 2011/12, tugadh faoi dheich bpróiseas earcaíochta agus roghnaithe do phoist mar Ollúna laistigh den Choláiste.

Thosaigh sé chomórtas le Scoil an Leighis, agus tháinig comórtas amháin chun críche go rathúil i rith 2011/12, agus thosaigh an t-iarrthóir in Meitheamh 2012 i gcomhphost idir Scoil an Leighis (Leigheas Maolaitheach), Our Lady's Hospice Limited agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Tá an post seo ar an gceapachán deireanach de cheapacháin na n-ollúna comhairleacha acadúla ag éirí as moltaí Thuarascáil Fottrell. Tá comórtas ag leanúint ar aghaidh sa bhliain nua acadúil 2012/13 sna Disciplíní de Síciatracht, Cnámhseachas agus Liacht na mBan, Réamaiteolaíocht (arna maoiniú ag Airtríteas Éireann), Péidiatraic agus Leigheas Cliniciúil.

Reachtáladh dhá chomórtas do roghnúcháin Ollúnachta i nDámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, agus thosaigh an t-iarrthóir rathúil ina bpost mar Chathaoirleach McCann FitzGerald i nDlí Corparáideach in Lúnasa 2012. Ní raibh an Coláiste rathúil i líonadh an phoist mar Chathaoirleach Thomas Mitchell i Néareolaíocht Chognaíoch, ná an phoist mar Taighdeoir/Stiúrthóir Luath-Óige den Ionad Taighde Luath-Óige. Beidh an post deireanach á fhógairt in athuair sa bhliain nua acadúil.

I nDámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta, cuireadh an tOllamh Taighde ERC faoi agallamh agus déanadh an ceapachán, agus tosófar sa phost in Eanáir 2012. Beidh cuardach Stiúrthóra do CRANN ag leanúint ar aghaidh sa bhliain nua acadúil.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 7. Tionscnaimh Nua sa Choláiste agus Príomhimeachtaí

Bhí roinnt tionscnamh nua agus príomhimeachtaí sa Choláiste i rith na bliana acadúla 2011/12.

Sheol an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Eamon Gilmore T.D. Straitéis Caidrimh Dhomhanda an Choláiste in Meán Fómhair 2012. Tá sé d'aidhm aige tógáil ar chúlú láidir idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide maidir le taighde, teagasc agus nuálaíocht ina mhisean le bheith mar ollscoil d'iarbhairt dhomhanda.

Tugtar aghaidh sa straitéis ar chúig phríomh-ghníomh a dhéanfaidh tuilleadh forbartha ar ghaolmhaireachtaí domhanda i dtaighde agus in oideachas: earcú líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú trí líon na mac léinn ó thíortha lasmuigh den AE a dhúbailt; an taithí oideachais a fheabhsú trí idirnáisiúnú a leabú i gcultúr oideachais na hOllscoile; gaolmhaireachtaí domhanda le príomhinstiúidí domhanda eile a fhorbairt tuilleadh; tógáil ar líonraithe alumni agus ioncam daonchaidriúil a mhéadú. Beidh feidhmiú rathúil na Straitéise Caidrimh Dhomhanda, a thacaíonn le 'Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais na hÉireann 2010-15', ríthábhachtach chun Éirinn bheith suite mar phríomhionad d'oideachas idirnáisiúnta.

Déanadh ceiliúradh agus tugadh athmhíniú ar cheann de na hócáidí eolaíochta ea ba mhó díol suntais den 20ú céad don 21ú céad i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar chuid de Chathair Átha Cliath na hEolaíochta agus d' Fhóram Eolaíochta na hEorpa, ESOF2012. Thug an Dr Craig Venter, duine de na ceannairí ar an Tionscadal um Ghéanóm an Duine sna 1990aidí agus ceannródaí i mbitheolaíocht shintéiseach, léacht dár teideal, 'What is Life? A 21st century perspective' recreating the Irish event that inspired the discovery of the structure of DNA. Is é an tOllamh Luke O'Neill, Stiúrthóir Acadúil ar Instiúid na nEolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide agus Ollamh le Bithcheimic i Scoil na Bithcheimice agus na hIomhíneolaíochta a rinne cathaoirleacht ar an léacht. D'fhreastail an Taoiseach, Enda Kenny, T.D. ar an ócáid san Amharclann Phoiblí a bhí lán go doras. Thug an Laureate Nobel an Dr James Watson freagra ag deireadh na léachta. Rinne an ócáid uathúil seo ceangal idir eachtra thábhachtach in oidhreacht eolaíochta na hÉireann agus an teorainn atá ag taighde comhaimseartha. Thug Google.org bronntanas d'ardghradam de €1 mhilliún do Dhánlann Eolaíochta

Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun Gréasán Domhanda don Dánlann Eolaíochta a fhorbairt (GSGN). Ó d'oscail an Dánlann Eolaíochta in Baile Átha Cliath in Feabhra 2008, tá fáilte curtha acu roimh bhreis is 800,000 cuairteoir chuig 18 taispeántas ildisciplíneach, ag réimsiú ó théamaí a bhain le galar tógalach go todhchaí cúrsaí faisin. Beidh GSGN múnlaith ar an gcur chuig rathúil seo chun daoine óga a chur i ngleic le hEolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM).

Rinneadh 300 bliain de bhunú cheann d'fhoirgnimh íocónacha Choláiste na Tríonóide agus na hÉireann, an Seanleabharlann, a cheiliúradh in 2012. Bhí clár imeachtaí ag comóradh an trí chéad bliain ar bun i rith na bliana, lena n-áirítear an Taispeántas 'A great many choice books: 300 years of the Old Library' faoi stair na Seanleabharlainne agus a bailiúchán arna oscailt ag Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, comhdháil leabharlainne 'Building collections', foilsíodh leabhar faoin Leabharlann agus a bailiúchán, daoine aitheanta ag léamh as bailiúchán leabhar do leanaí na Leabharlainne agus ócáidí eile chun ról an fhoirgnimh i mBaile Átha Cliath a cheiliúradh.

Chuir an Leabharlainne, an tUasal Robin Adams fáilte roimh an 10 milliúnú cuairteoir chuig an Seanleabharlann ó bunaíodh an t-ionad do chuairteoirí ansin in 1992 in Lúnasa 2012. Tá an Seanleabharlann agus Leabhar Cheanannais ar cheann de na hionaid turasoireachta is mó in Éirinn agus tagann breis is 520,000 cuairteoir gach bliain chun an taispeántas ar Leabhar Cheanannais agus lámhscríbhinní meánaoiseacha eile a fheiceáil agus chun sásamh a bhaint as an spás iontach atá sa Seomra Fada.

Reáchtáladh ócáid speisialta chun rannpháirtíocht iarmhíche léinn agus mic léinn reatha sna Cluichí Oilimpeacha le 100 bliain anuas a cheiliúradh agus chun onóir a thabhairt do mhíche léinn reatha a ghlac páirt i Rás Sealáíochta an Tóirse ag na Cluichí Oilimpeacha in Londain 2012 sa Choláiste in Meitheamh 2012. Ghlac 45 céimí de chuid Choláiste na Tríonóide ina iomláine páirt sna Cluichí Oilimpeacha ón bhliain 1908. D'iompar triúr mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide, Áine Ní Choisdealbha, Natalya Coyle agus Mark Kenneally agus céimí amháin, Mark Pollock an Lasair Oilimpeach trí shráideanna Bhaile Átha Cliath mar chuid de Rás Sealáíochta an Tóirse de chuid Chluichí Oilimpeacha Londain 2012.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



*Iompróirí an Tóirse Oilimpigh, na mic léinn Mark Kenneally, Áine Ní Choisdealbha agus Natalya Coyle agus an céimí, Mark Pollock*

Tá athchruthú déanta ag staraithe Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar dhoiciméid luachmhara mheánaoiseacha a scriosadh le linn an bhombardaithe a déanadh ar na Ceithre Cúirteanna sa bhliain 1922. Ba sna Ceithre Cúirteanna a bhí Oifig na dTaifead Poiblí agus déanadh damáiste tubaisteach ann nuair a buamáladh an áit sa choimhlint idir fórsaí a bhí ar son agus in aghaidh an Chonartha ag tús Chogadh Cathartha na hÉireann. Ceapadh roimhe seo gur scriosadh an chartlann mheánaoiseach ar fad, ach de thoradh ar obair a rinne foireann taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide le daichead bliain, tá athchruthú déanta ar bhreis is 20,000 doiciméad an-tábhachtach rialtais arna dtáirgeadh ag seansaíreacht mheánaoiseach na hÉireann. Tá litreacha sheansaíreacht na hÉireann ar fáil anois arís in acmhainn nua idirlín saor in aisce agus atá inrochtana go poiblí ar a dtugtar *CIRCLE: A Calendar of Irish Chancery Letters, c. 1244–1509*.

Reáchtáladh ceolchoirm thionscnaimh chun Ionad Cumadóireachta Ceoil Choláiste na Tríonóide a sheoladh, in Eanáir 2012. Tá an tIonad Cumadóireachta Ceoil ar an bhforbairt spreagúil is deireanaí i dtionscnamh na nEalaíon Cruthaitheacha, na dTeicneolaíochtaí agus an Chultúir de chuid Choláiste na Tríonóide. Tá Cumadóireacht Cheoil ar cheann de na sé príomhréimsí de chleachtas chruthaitheacha a bhfuil a gcáil luaite le Coláiste na Tríonóide chomh maith leis na hAmharcealaíona; Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus Aistriúchán Litríochta; Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha; Oidhreacht Chultúrtha; agus Drámaíocht. Tá an tIonad nua Cumadóireachta Ceoil áirithe anois in éineacht le The Lir - The National Academy for Dramatic Art, a seoladh i gColáiste na Tríonóide le gairid agus ionaid eile atá seanbhunaithe cosúil le hIonad Oscar Wilde do Scríbhneoireacht Chruthaitheach.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



Gárthóirí molta ag an Railí Pep sa Chearnóg Tosaigh

Sheol an tAire Sláinte, an Dr James Reilly T.D., suíomh gréasáin um Sheirbhís Thacaíochta do mhic léinn ar a bhfuil Siondróm Asperger lena n-áirítear físeáin de mhic léinn ar a bhfuil Siondróm Asperger agus iad ag plé a dtaití i dtaca le saol na hollscoile agus chomh maith leis sin, an chéad i-leabhar de chuid Choláiste na Tríonóide dár teideal 'The A-Z of AS' leis an Dr Zehanne Kenny nach maireann. Fearacht institiúidí tríú leibhéal eile chonacthas ardú ar líon na mac léinn le míchumas ag rochtain na hollscoile i gColáiste na Tríonóide freisin. Ar cheann de na harduithe is mó ar líon na mac léinn atá ag freastal ar an ollscoil tá siad siúd ar a bhfuil Siondróm Asperger, ach go háirithe. Tá an líon is mó mac léinn ar a bhfuil Siondróm Asperger atá ag staidéar in Éirinn ag freastal ar Choláiste na Tríonóide. Bhailigh os cionn 2,000 duine a ghlac páirt i bPep-Railí dathannach do Chomórtas Domhanda Peile na hÉireann (GIFT) sa Chearnóg Thosaigh in Lúnasa 2012. Eagraíodh an comórtas GIFT chun 12 foireann peile ó Chraobhchomórtas ardscoile agus choláistí Mheiriceá a thabhairt go hÉirinn chun páirt a ghlacadh i sraith nua cluichí peile Meiriceánacha, tráth a raibh an Emerald Isle Classic 2012 (Notre Dame v Navy Football) ar bun. Chuir an Déan um Staidéar Fochéime, an Dr Patrick Geoghegan fáilte roimh an slua, lenár háiríodh foirne peile coláiste, bannaí máirseála, gárthóirí molta, a lucht tacaíochta agus a dteaghlach, chuig Coláiste na Tríonóide

Seoladh an scannán Bollywood, Ek Tha Tiger, ar déanadh an scannánaíocht dó ar láthair i gColáiste na Tríonóide, i mBaile Átha Cliath agus san India in Lúnasa 2012. Cuireadh ócáidí speisialta ar bun ar fud na hIndia – Mumbai, Bangalore, Chennai, Kolkata, Delhi – agus in Éirinn chun an chéad mhórsannán riamh de chuid Bollywood a déanadh in Éirinn, ina raibh beirt de na réalta is mó de chuid Bollywood, Katrina Kaif agus Salman Khan, a thaispeáint ar scáileáin. Bhí sé le feiceáil i 3,000 pictiúrlann san India agus i 24 tír ar fud an domhain agus ceaptar go raibh 100 milliún lucht féachana domhanda aige.

Fuair an Coláiste grád A+ san tuarascáil shuirbhé de chuid Irish Business Against Litter (IBAL) Litter on Campus. Is iad An Taisce a rinne an staidéar ar institiúidí tríú leibhéal agus bhí cuntas ann ar suas le 300,000 mac léinn agus foireann an Choláiste. Ciallaíonn grád A+ Choláiste na Tríonóide go raibh an campas 'Exceptionally Clean & Well Presented'.

Bhí Coláiste na Tríonóide ina gcomhbhuaiteoir ar an nGradam JICS TechDis OASES 2011 do Dul Chun Cinn Institiúide ar Chomhionannas ag úsáid Teicneolaíochta. Tugann an gradam, atá oscailte do gach ollscoil, coláiste agus soláthróir foghlamtha eile, aitheantas do na straitéisí éagsúla atá in áit i gColáiste na Tríonóide a oibríonn chun inrochtaineacht agus cuimsiú a fheabhsú laistigh den timpeallacht acadúil. Cinntíonn na straitéisí seo comhionannas rochtana i dtaca le teagasc agus foghlaim do na mic léinn uile.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 8. Clár Forbartha Caipitil

#### 8.1 Tionscadail Curtha i gCrích

##### Scoil Nua Leighis den Chéad Scoth


Rinne an tAire Stáit atá freagrach as Taighde agus Nuálaíocht, Seán Sherlock T.D. an oscailt oifigiúil ar áitreabh nua Scoil an Leighis Choláiste na Tríonóide in Feabhra 2012. Chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú de bhreis is €21 milliún ar fáil don foirgneamh nua atá suite in Institiúid na nEolaíochtaí Bithleighis i gColáiste na Tríonóide. Áirithe i measc an trealaimh teagaisc de chaighdeán domhanda tá saotharlanna teagaisc ina bhfuil na fearais theicneolaíochta is deireanaí, amharclanna léachta ina bhfuil 300 suíochán, seomraí seimineáir agus Seomra Diosctha Anatamaíochta atá deartha go speisialta ina bhfuil saoráidí trealaimh cuimsitheach fuaimne agus fise chun an taithí foghlamtha a fheabhsú. Den chéad uair i stair Scoil an Leighis tá gach gníomh réamhchliniciúil leighis ó thaobh oideachais agus oiliúna lonnaithe anois in aon foirgneamh amháin. Baineann an Scoil buntáiste freisin as nádúr comhoibríoch Institiúid na nEolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide, ag tabhairt le chéile gníomhartha taighde thar chúig scoil chun taighde bithleighis ceannródaíoch don 21ú céad a thiomáint.

##### The Lir, National Academy of Dramatic Art

Oscailodh The Lir, National Academy of Dramatic Art go hoifigiúil i gColáiste na Tríonóide in Deireadh Fómhair 2011. Forbraíodh The Lir i gcomhar le hlontaobhas Cathal Ryan agus an Royal Academy of Dramatic Art (RADA) agus glac The Lir lena chéad mhic léinn i rith na bliana acadúla. Tá The Lir suite i saoráid a tógadh go speisialta le taobh Dhuga na Canálach Móire agus gar den cheantar nua spreagúil cultúrtha de Bhaile Átha Cliath thimpeall ar an Grand Canal Theatre. San áireamh san fhorbairt seo bhí athchóiriú ar aonaid thionscail a bhí ann roimhe seo ar champas Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Choláiste na Tríonóide lonnaithe ar Shráid an Phiarsaigh agus saoráidí lena n-áirítear stiúideo bosca dhuibh atá iomlán solúbtha, ceardlann theicniúil, stiúideo damhsa, seomraí réamhchleachtadh, cleachtadh agus teagaisc, seomra feistis/ceardlann, café/beár agus Oifig Díolacháin.

##### Cosáin Inrochtana sa Chearnóg Thosaigh

Críochnaíodh tionscadal chun cosáin inrochtana a chur ar fáil thar na réimsí duirleogacha tríd an gCearnóg Thosaigh go luath in 2012. Cuireann na cosáin seo bealaí inrochtana ar fáil ón bpríomhbhealach isteach ó



The Lir, Acadamh na hEalaíne Drámaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Fhaiche an Choláiste go dtí na foirgnimh uile sa taobh thiar stairiúil den Choláiste chomh maith le rochtain trí bhealach áirseach Teach Regent chuig Geata Fhaiche an Choláiste, agus isteach i gCearnóg na gComhaltaí. Cuireann na cosáin nua seo go mór le hinrochtaineacht an Choláiste agus téann go mór chun tairbhe na mac léinn, na foirne agus cuairteoirí maolghluaiste go dtí an Coláiste. Chuir Leithdháileadh Caipitil Seirbhísí Míchumais an maoiniú ar fáil don tionscadal seo. Tá sé i gceist na cosáin seo a chur ar fáil i gceantair gar de láthair sa bhliain seo amach romhainn.

##### Tionscadail Eile

Áirítear ar thionscadail chaipitil eile a rinneadh i rith na bliana acadúla Ionad Sonraí a shuiteáil, ionad nua sonraí ard-dlúis tíosach ar fhuinneamh do Sheirbhísí Córais Faisnéise agus críochnaíodh cóiríocht a bhí deartha go speisialta do Stóras Ealaíona an Choláiste. Áirithe i measc na dtionscadal suntasacha cothabhála bhí tionscadal glanadh cloiche agus athchóirithe Fhoirgneamh an Mhúsaeim; Póidiam Berkeley a dhéanamh uiscdhíonach; agus an t-athdheisiú agus an t-athchóiriú ar aghaidheanna 34 Rae an Iarthair agus 36 Sráid na bhFíniú.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 8.2 Tionscadail Tógála

#### Saoráid Taighde Chliniciúil Iontaobhas Wellcome Trust-HRB

Bhíothas in ann Saoráid Taighde Chliniciúil a thógáil in Ospidéal San Séamas sa bhliain 2009 a bhuíochas do chomhaontú tripháirtí idir Coláiste na Tríonóide, Iontaobhas Wellcome Trust agus Ospidéal San Séamas. Cuireadh an próiseas tairiscintí i gcrích agus thosaigh obair ar an suíomh in Nollaig 2011. Tá sé sceidealaithe le bheith curtha i gcrích in Nollaig 2012. Áireofar ar an tsaoaráid 10 leaba i spás de 1,300 méadar cearnach, agus beidh limistéir shonracha ann don taighde cliniciúil áit a ndéanfar fiseolaíocht chleachtaidh, néarfhiseolaíocht agus teiripí géine agus móilíneacha. Beidh sé buailte le trí Tesla MRI (Ionad d'Ard-íomhá Leighis) arna mhaoiniú ag HRB agus beidh Institiúid Choláiste na Tríonóide d'Eolaíochtaí Cardaithshoithíoch, arna mhaoiniú ag Iontaobhas Shráid Bhagóid, comhlonnaithe san fhoirgneamh céanna. Beidh an tsaoaráid seo i mbun seirbhíse i rith 2013.

#### Ionad Choláiste na Tríonóide ag Ospidéal Thamhlachta, Céim 2

Leanann an Coláiste ar aghaidh ag obair ar phleanáil agus ar thiomsú airgid chun tacú le hInstitiúid Sláinte an Daonra, a bhaineann le hIonad Choláiste na Tríonóide ag AMNCH i dTamhlacht a chur ar fáil. Tá dul chun cinn maith déanta ar mholtaí maidir le trí urlár d'fhoirgneamh a cheannach agus a chóiriú don Institiúid.

#### Áiteanna Cónaithe Breise do Mhic Léinn

D'aithin Coláiste na Tríonóide riachtanas tosaigh de 1,000 aonad cónaithe do mhic léinn agus éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann do 2,500 aonad cónaithe breise a chuirfidh ar a chumas an leibhéal de chóiríocht chónaithe do mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta a mhéadú. Tá dul chun cinn maith déanta sa phróiseas soláthair agus táthar ag súil go mbeidh Conradh le bronnadh in 2013.

#### Forbairt Shráid an Phiarsaigh

Cuimsíonn plan an Choláiste d'athchóiriú a chuid maoine ar Shráid an Phiarsaigh forbairt céimnithe d'fhoirgnimh nua ar an taobh ó thuaidh de pháircceanna spóirt an Choláiste agus athchóiriú tithe sraithe coinnithe ón naoú aois déag feadh teorann

thuaidh an Choláiste. Meastar gur 18,400 méadar cearnach (lena n-áirítear 4,400 méadar cearnach de réimse foirgneamh coinnithe/athchóirithe) a bheidh san fhorbairt chríochnaithe.

Tá clár ama na forbartha seo ag braith ar infhaighteacht airgeadais agus ar thosaíochtaí forbairtí caipitil straitéiseacha an Choláiste.

### 8.3 Caomhnú Fuinnimh

D'ídigh Coláiste na Tríonóide 38.7 milliún kWh leictreachais agus 45.5 milliún kWh de ghás nádúrtha agus d'ola i rith 2011/12. Tagann méadú ar ídiú ó bhliain go bliain de thoradh seilbh a bheith glactha ar na foirgnimh nua. Mar chuid de thiomantas an Choláiste do chaomhnú fuinnimh, ionchorpraíonn Institiúid nua Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide roinnt gnéithe atá deartha chun ídiú fuinnimh a laghdú – lena n-áirítear soilse atá tíosach ar fhuinneamh a bhfuil brath láithreachta iontu, córas ídithe múchlaine atá tíosach ar fhuinneamh agus gléasra tríghiniúna a sheafadh cuid den ualach ar an bhfoirgneamh maidir le teas, fuarú agus leictreachas. Chomh maith leis sin, beidh coigilteas suntasach don Choláiste ón Ionad nua Sonraí ard-dlúis tíosach ar fhuinneamh do Sheirbhísí Córais Faisnéise.

Cuireadh obair leanúnach ar thionscadail athchóirithe agus laghdú fuinnimh i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a fheabhsú agus a laghdú. Chuir an clár laghdaithe fuinnimh, lenár thacaigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) córas monatóireachta agus spriocdhírthe (M&T) ar bun d'fhoirgnimh roghnaithe, agus d'oibrigh ansin leis an ídiú fuinnimh iontu a laghdú. Leathnaíodh an tionscadal chun breis agus 75% d'ídiú fuinnimh an Choláiste a chlúdach. Is iad cuspóirí Choláiste na Tríonóide an coigilteas fuinnimh atá déanta cheana a choinneáil agus leanúint orthu ag obair chun ídiú fuinnimh a chuid foirgneamh a laghdú agus pleanáil ar siúl chun caomhnú fuinnimh in aon fhoirgneamh nua atá beartaithe a uasmhéadú.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

Leanann Coláiste na Tríonóide air ag obair lena chomhghleacaithe sa ghrúpa e3, a chuimsíonn UCD, DCU agus DIT, agus leis an tSeirbhís Sholáthar Fuinnimh Náisiúnta chomh maith, agus úsáid á baint as comh-chumhacht ceannaigh chun na tairiscintí is fearr leictreachais agus gáis a fháil ó sholáthraithe. Leanann Coláiste na Tríonóide air ag fáil céatadán mór dá leictreachas ó sholáthraithe a úsáideann leictreachas in-athnuaite ginte ón ngaoth. Is bealach éifeachtach an cur chuige seo, mar aon leis na bearta a bhfuil cur síos orthu thuas, chun astaíochtaí CO2 a laghdú go mór.

### 9. Tiomsú Airgid

Is gá maoiniú suntasach má tá an Coláiste chun a sheasamh a dhearbhu mar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan. Anois níos mó ná riamh, tá sé soiléir, má theastaíonn ón gColáiste ionadaíocht dhomhanda a dhéanamh thar ceann na hÉireann, nach féidir linn brath ar mhaoiniú Stáit amháin – tá aimsiú tacaíochta príobháidí níos riachtanaí ná riamh do thodhchaí Choláiste na Tríonóide.

Chuir seo, tiomsaíonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide airgead ó alumni agus ó chairde an Choláiste. Sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2011 go 30 Meán Fómhair 2012, fuarthas €22.5 milliún i ndeontais phríobháideacha (€15.1 milliún in 2010/11). Féadtar tairbhí na tacaíochta príobháidí seo a fheiceáil ar fud an Choláiste. Tá buíochas le tabhairt do na deontóirí go leor a thug cúnamh tríd an Achainí Bhliantúil, trí oidhreacht a fhágáil chun tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do cheann de chuspóirí straitéiseacha Choláiste na Tríonóide lena n-áirítear:

- Aosú
- Ailse
- Teicneolaíochtaí Cultúrtha agus Cruthaitheacha
- NainEolaíocht agus ard-ábhair
- Baile nua d'Innealtóireacht agus d'Eolaíochtaí Nádúrtha
- Athchóiriú ar an Leabharlann agus saoráidí taighde Daonnachtaí a fhorbairt
- Campas Nuálaíochta a thógáil – ina gcorprófar Scoil Nua Ghnó
- Dánlann Eolaíochta
- Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide agus sparánachtaí do na mic léinn

Tá an obair iontach a rinne roinnt mhaith grúpaí d'oibríthe deonacha chun tacú le Coláiste na Tríonóide i gcoilár rath tiomsaithe airgid an Choláiste, lena n-áirítear Cumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Bord Comhairleach na Scoile Gnó, Bord Comhairleach na Scoile Innealtóireachta, Bord Comhairleach Seachtrach Mhol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide, Bord Trí Chéad Scoil an Leighis, Alumni Gnó Choláiste na Tríonóide, Bord Rialaithe na Dánlainne Eolaíochta, Bord Comhairleach na gClasaicí, Coiste Bainistíochta na hInstitiúide Náisiúnta um Míchumas Intleachta, Bord Comhairleach Thionscnamh na hÁise Theas, Ciste SAM agus Iontaobhas RA. Tugann na hoibríthe deonacha seo a gcuid ama, a n-ionchur straitéiseach agus tacaíocht shuntasach airgeadais a bhfuil an Coláiste thar a bheith buíoch as. Ní mór Bord Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a lua go speisialta, a bhfuil ról lárnach aige i gcomhordú straitéise daonchairdiúla an Choláiste.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

### 10. Staid Airgeadais

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2012, arna n-ullmhú ar bhonn comhchuibhithe d'earnáil Ollscoileanna na hÉireann, ar 23 Eanáir 2013. Is éard atá sna Ráitis Airgeadais ná Cuid I de na ceanglais tuairiscithe airgeadais d'Acht na nOllscoileanna agus léirítear an chroíghníomhaíocht teagaisc/taighde neamh-mhaoinithe agus deontais taighde agus conarthaí sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais. Ní bhfuair iniúcháirí seachtracha an Choláiste KPMG go raibh aon laige ábhartha sa rialú ann agus d'éisigh siad tuairim neamhcháilithe iniúcháireachta i leith na Ráiteas Airgeadais. Déantar na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais, a léiríonn Cuid II de na ceanglais tuairiscithe airgeadais, a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a bhfuil glacadh leo agus táthar ag súil iad a bheith i gcrích in 2013.

Ba bharrachas de €0.1m (2010/11: €0.1m) a bhí i dtoradh iarmhír na bliana a chríochnaigh ar 30 Meán Fómhair 2012, ach ba é an t-aon bhealach ar baineadh é seo amach ná gur pleanáladh acmhainní a aistriú a bhí coinnithe roimhe sin do bhearta straitéiseacha. Ba é ioncam iomlán (cé is móite de thaighde maoinithe) na bliana ná €201m (2010/11 €199m) agus ba Dheontas Stáit é €64.7m (2010/11: €71.2m); Táillí Mac Léinn €102.8m (2010/11: €99.5m) agus Ioncam Eile €33.2m (2010/11: €28.7m). Ba é Caiteachas Iomlán (gan taighde maoinithe san áireamh) na bliana ná €201m (2010/11 €199m) agus go príomha ba Dámha Acadúla é €114.3m (2010/11: €113.2m); Seirbhísí Acadúla agus Eile €18.9m (2010/11: €20.7m) agus Áitreabh €27.4m (2010/11: €25.4m). Sa chás go mbeadh an Coláiste ag feidhmiú ag leibhéal a mbeadh caiteachas athfhillteach níos airde ná ioncam athfhillteach, tá sé soiléir nach mbeadh sé sin inbhuanaithe, go háirithe nuair a thugtar san áireamh an méadú a meastar atá ag teacht ar éileamh ar ardoideachas. Chomh maith leis sin, tá fíor-bhaol ann i gcónaí, bunaithe ar na laghduithe suntasacha i gcaiteachas ar chroíghníomhaíochtaí ó 2008 (chun aghaidh a thabhairt ar na laghduithe i maoiniú Stáit go príomha) go bhfuil cumas teoranta ag an gColáiste anois le tuilleadh laghdaithe a dhéanamh ar chaiteachas mar go bhfuil formhór na costas seasta ina nádúr agus, chomh maith leis sin, socraítear costais íocaíochta sa todhchaí go seachtrach trí chomhaontaithe náisiúnta agus áitiúla.

Laghdaigh gníomhaíocht taighde le bliain anuas de thart ar €2m (3%) i gcomparáid le leibhéal 2010/11, agus ba €67.1m an luach a bhí ar na conarthaí nua a síníodh i rith na bliana. Cé gur laghdú de c.40% atá ann ar luach na bliana roimhe, is laghdú de c.8% atá ann nuair a cheadaítear do ghradaim shuntasacha aonuaire in 2010/11. Tá an t-ionchas do mhaoiniú taighde neamhchinnte i gcónaí i bhfianaise an bhrú atá ar an sparán poiblí agus an tionchar a bheidh aige seo ar bhuiséid bhliantúla ghníomhaireachtaí náisiúnta maoinithe chomh maith leis an neamhchinnteacht a bhaineann le Buiséad Horizon AE 2020. Tabharfaidh sé seo, in éineacht leis an struchtúr maoinithe Stáit a chuireann cosc ar bhuiséadúil il-bhliantúil dúshlán don Choláiste socruithe a dhéanamh faoi réamh-mheastacháin meántéarmacha go fadtéarmacha i dtaobh gníomhaíochtaí taighde.

Laghdaigh glansócmhainní iomlána an Choláiste i rith na bliana de réir €8.1m go €696.5m ar 30 Meán Fómhair 2012 go príomha mar gheall ar an titim i luach na n-áitreabh infheistíochta atá bunaithe ar luacháil athbhreithnithe neamhspleácha agus tugtar san áireamh an timpeallacht reatha geilleagrach.

Cé gur lean an Coláiste air go han-dúthrechtach agus go réamhghníomhach sa chaoi ina ndearna sé bainistiú ar an airgeadas, tá gaoth chinn airgeadais eile amach romhainn i bhfoirm tuilleadh laghdaithe i maoiniú ón Stáitchiste, diúltú an Rialtais táillí teagaisc a thabhairt isteach arís agus na constaicí ag oibriú laistigh de Chomhaontaithe Náisiúnta Pá. Ach tá creidiúint tuillte ag an gColáiste go ndearna sé cinntí deiseanna a leanúint chun a bheith níos éifeachtúil agus níos éifeachtaí agus gan comhghéilleadh go bunúsach ar a gcumas lena misean teagaisc agus taighde a chomhlíonadh agus tá an Coláiste tiomanta go hiomlán a n-airgeadas a bhainistiú go réamhghníomhach sa todhchaí agus béim níos leithne aige ná ar shriantacht agus ar éifeachtúlacht chostais amháin. I dtaca leis seo, cheadaigh an Coláiste, i rith na bliana, straitéisí tábhachtacha a thiomáinfidh agus a thabharfaidh tacaíocht do ghiniúint ioncaim nach ón Stáitchiste é sa todhchaí agus meastar faoin mbliain 2015/16 go mbeidh an Coláiste ag giniúint leibhéal ioncaim athfhillteach ó fhoinsí lasmuigh den Stát a bheidh 50% níos mó ná an buiséad oibriúcháin.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

In ainneoin go raibh brú leanúnach ar bhuiséid, baineadh go leor amach le cúpla bliain anuas. San am sin, d'éirigh leis an gColáiste a chuid airgeadais a bhainistiú agus tiomantas láidir a thabhairt dá shláinte reatha agus dá shláinte fadtéarmach araon. Tá maoirseacht chuí acmhainní an Choláiste ag an am seo riachtanach dá rathúlacht san fhadtéarma agus dá shláinte airgeadais agus beidh sé beagnach dodhéanta dul san iomaíocht ar an stáitse idirnáisiúnta sa mheántéarma/san fhadtéarma gan maoiniú inbhuanaithe, creatlach de luach saothair oiriúnach don fheidhm agus solúbthacht oibríochtúil atá scáthánaithe acu siúd a bhfuil taithí ag ár n-institiúidí comhchéime orthu. Mar sin caithfidh ár gcuspóir thar na chéad chúpla bliain eile a bheith go leanfaimid orainn ag díriú agus ag soláthar ár misean agus ár bhfís acadúil, ag déanamh infheistíochtaí nuair is cuí agus ag feidhmiú ar bhealach atá freagrach ó thaobh airgeadais agus inbhuanaithe agus go leanfaimid orainn ag cuardach sruthanna malartacha ioncaim.



## Aguisín I

### Freastal ar chruinnithe Boird 2011-2012

Ba 13 líon iomlán na gcruinnithe a reáchtáladh i rith na bliana.

#### *Comhaltaí Ex Officio:*

An Propast (an Dr Patrick Prendergast) (13), an Leas-Phropast/POA (an tOllamh Linda Hogan)<sup>1</sup> (12), an Léachtóir Sínsearach (an tOllamh Patrick Geoghegan)<sup>1</sup> (12), an Cláráitheoir (an tOllamh Shane Allwright)<sup>1</sup> (12), an Sparánaí (an tOllamh David Lloyd)<sup>1</sup> (12).

<sup>1</sup> Inghlactha chun freastal ar 12 cruinniú arna thoghadh mar Oifigeach Coláiste ag an gcéad chruinniú in Meán Fómhair 2011

#### *Comhaltaí Tofa*

An tOllamh Shane Allwright<sup>1</sup> (1), an tOllamh Sean Barrett (12), an tOllamh Melanie Bourouche (11), an tOllamh Mary Coffey (10), an tUasal Fred Cowzer (13), an tOllamh Liam Dowling (12), an tOllamh Hugh Gibbons (11), an tOllamh Robbie Gilligan (11), an tOllamh John McGilp (13), an Dr Jack McGinley (12), an tOllamh Nicola Marples (12), Noreen Murray Uasal (12), an tOllamh Cliona O'Farrelly<sup>2</sup> (8), an tOllamh Eunan O'Halpin (11), an tOllamh Des O'Neill (8), an tOllamh Henry Rice (12), an tOllamh David Singleton (8).

#### *Comhaltaí seachtracha:*

An Dr Olive Braiden (11), an tUasal Jackie Gallagher (12).

#### *Ionadaithe na Mac Léinn:*

An tUasal Ryan Bartlett (13), Rachel Barry Uasal (10), Louise Miller Uasal (11), Mary O'Connor Uasal (11).

<sup>1</sup> Arna cheapadh mar Chláráitheoir in Meán Fómhair agus inghlactha chun freastal ar chruinniú amháin mar ionadaí na gComhaltaí agus na gComhaltaí Ollúnachta

<sup>2</sup> Arna thoghadh chun an folúntas a líonadh de thoradh ar cheapachán an Ollaimh Allwright mar Chláráitheoir, agus inghlactha chun freastal ar 10 gcruinniú

## Aguisín II

### Caiteachas an Bhoird 2011-12

In 2011-2012 íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird (thosaigh an bhliain airgeadais ar 1 Deireadh Fómhair):

An tOllamh Des O'Neill: €123.40 ( bhain €39.80 dó seo le 2010-11)

## Aguisín III

### Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Bliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2012

	2012 €'000	2011 €'000
<b>Ioncam</b>		
Deontais Stáit	64,696	71,243
Táillí Mac Léinn	102,788	99,445
Ioncam Eile	33,224	28,700
	200,708	199,388
Deontais agus Tionscadail Thaighde	65,170	67,342
lomlán	265,878	266,730
<b>Caiteachas</b>		
Dámha Acadúla	114,258	113,154
Seirbhísí Acadúla agus Eile	18,949	20,688
Áitreamh	27,369	25,367
Méid Leithroinnte chun Críocha Caipitil	500	735
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	14,565	14,888
Caiteachas Oideachais Ginearálta	9,844	9,141
Seirbhísí do Mhic Léinn	5,167	5,352
Caiteachas Ilghnéitheach	9,923	9,959
Seirbhísí Acadúla agus Eile	200,575	199,284
Deontais agus Tionscadail Thaighde	65,170	67,342
lomlán	265,745	266,626
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímhéas Sócmhainní Seasta	133	104
Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha	2,653	320
Dímhéas Sócmhainní Seasta	(27,662)	(27,269)
Aistriú ón gCúlchiste Ginearálta	25,009	26,949
Glanbharrachas don bhliain	133	104



## Aguisín IV

### An Clár Comhardaithe Ag 30 Meán Fómhair 2012

	2012 €'000	2011 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>		
Sócmhainní inláimhsithe	774,105	776,978
Maoine infheistíochta	43,930	54,245
	818,035	831,223
<b>Sócmhainní Reatha</b>		
Iarmhéideanna bainc agus airgid	183,618	198,858
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	40,914	38,196
Stoic	457	406
	224,989	237,460
<b>Dlíteanais Reatha</b>		
Creidiúnaithe agus caiteachas fabhráithe	(212,308)	(225,923)
Iarmhéideanna bainc	(307)	(370)
	(212,615)	(226,293)
Glan-Sócmhainní Reatha	12,374	11,167
<b>Dlíteanais Fadtéarmacha</b>		
Creidiúnaithe dlite tar éis bliana amháin	(133,869)	(137,727)
	696,540	704,663
<b>Arna Léiriú Ag:</b>		
Cúlchiste Ginearálta	696,155	704,411
Cúlchiste Ioncaim	385	252
	696,540	704,663





**COLÁISTE NA TRÍONÓIDE**  
**BAILE ÁTHA CLIATH**  
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL  
ÁTHA  
CLIATH

[www.tcd.ie](http://www.tcd.ie)



Clár Chisti Struchtúrachá AE  
na hÉireann 2007-13

Cómhainithe ag Rialtas na hÉireann  
agus ag an Aontas Eorpach



CISTÍ STRUCHTÚRACHA AE